



**Coiste Iniúchóireachta
na Roinne
Gnóthaí Eachtracha agus Trádála**

Tuarascáil Bhliantúil 2011

Clár Ábhar

A. Ráiteas an Chathaoirligh	3
B. Baill an Choiste Iniúcháireachta.....	7
C. Ról an Choiste Iniúcháireachta	8
D. Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Mholtaí Thuarascáil Bhliantúil 2010.....	9
E. Tuairimí, Torthaí agus Moltaí an Choiste Iniúcháireachta don bhliain 2011.....	10
1. Córais Faisnéise Bainistíochta agus Rialuithe Inmheánacha	10
2. Iniúcháireacht Inmheánach	10
2.1 Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus ar fud na Roinne.....	11
2.2 Vóta 29 – Cúnamh Éireann	11
2.3 Calaois.....	13
3. Meastóireacht.....	14
4. Aithint agus Bainistíocht Riosca	16
5. Cúrsaí Eagraíochtúla agus Acmhainne	18
F. Gnéithe Sonracha de Chlár Chúnamh Éireann a d’Athbhreithnigh an Coiste Iniúcháireachta in 2011	21
1. Léargas Ginearálta ar Chlár Chúnamh Éireann	21
2. Próiseas Pleanála / Díriú ar Thorthaí na Straitéisí Tíre	22
3. Fóram Ardleibhéil in Busan.....	24
4. Bainistíocht Airgeadais Poiblí.....	25
5. Maoiniú na Sochaí Sibhialta (Cúnamh Éireann).....	26
6. Maoiniú Iltaobhach	28
Aguisín 1 – Spriocanna Ardleibhéil na Roinne idir 2011 agus 2014.....	30
Aguisín 2 – Dátaí na gCruinnithe agus na Láithreoireachtaí don Choiste Iniúcháireachta.....	31
Aguisín 3 – Príomhcháipéisí arna mBreithniú ag an gCoiste Iniúcháireachta	33
Aguisín 4 – Struchtúr Meastóireachta agus Iniúcháireachta na Roinne.....	34
Aguisín 5 – Achoimre ar Chaiteachais Vóta 2011 (Neamhiniúchta)	35
Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha	35
Vóta 29: Comhoibriú Idirnáisiúnta	36
Aguisín 6 – Freagra Lucht Bainistíochta na Roinne ar Mholtaí Thuarascáil Bhliantúil 2010.....	37

A. Ráiteas an Chathaoirligh

Ard-Rúnaí,

Tá áthas orm a chur faoi do bhráid an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Choiste Iniúchóireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ina ndéantar taifead ar ghníomhaíochtaí an Choiste le linn na bliana 2011. Is iad seo a leanas paraiméadair airgeadais an dá Vóta lena gcuimsítear cláir chaiteachais na Roinne:

Meastachán Athbhreithnithe (glan)	Toradh Sealadach (glan)	Toradh na Buaicbhliana (glan)	Íslíú Caiteachais ón mBuaicbhliain	
2011 (€m)	2011 (€m)	2008 (€m)	€m	%
Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil				
173	165	217	52	24
Vóta 29 Comhoibriú Idirnáisiúnta				
523	517	768	251	33

Is ionann go fóill na príomhthéamaí a shonraítear i gclár oibre an Choiste agus iadsan ar díriodh aird orthu i dTuarascálacha Bliantúla le déanaí: conas dul i ngleic le buiséid laghdaithe agus an ghanntanas buiséid fós ag dul i bhfeidhm; easpa acmhainní bainistíochta mar gheall ar chrapadh leibhéal foirne na Roinne don tríú bliain as a chéile; imní mar gheall ar laigí a bhraitear a bheith i gcórais buiséid i dtíortha comhpháirtíochta; agus an gá le bainistíocht riosca réamhghníomhach.

Bhí réimsí eile de chuid ghníomhaíochtaí na Roinne ar thug an Coiste Iniúchóireachta tús áite dóibh freisin i gclár oibre na bliana 2011. Thacaigh sé go mór leis an tionscnamh chun meastóireacht ar chlár a phríomhshruthú thar gach réimse de chuid na Roinne. Bhí an Coiste i mbun cumarsáide le Rannán Sochaí Sibhialta Chúnaimh Éireann maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar an mbonn ar a riartar tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí neamhrialtasacha. Bhí na hathruithe seo a leanas i gceist leo: (a) Scéim na gClár Ilbhliantúil i gcomhair eagraíochtaí neamhrialtasacha móra a ionadú le scéim chlár nua ar bhunús feidhmíochta lena gclúdófaí réimse níos leithne eagraíochtaí agus (b) ciste nua tionscadalbhunaithe dírithe ar eagraíochtaí neamhrialtasacha níos lú a thabhairt isteach trína ndéanfaí líon na n-eagraíochtaí lena dtacaítear a chuíchóiriú. Is é an tionscnamh ar mian liom aird ar leith a dhíriú air, áfach, ná an Uirlis Mheasúnaithe ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí (BAP), a forbraíodh de thoradh na mbuarthaí a chuir an Coiste Iniúchóireachta in iúl cheana féin maidir le heasnamh i gcórais na dtíortha comhpháirteacha. Cuireadh an Uirlis Mheasúnaithe sin i bhfeidhm gar do dheireadh na bliana 2010. Tá torthaí dearfacha chur i bhfeidhm na huirlise sin le sonrú cheana féin. Soláthraítear léi creat oibiachtúil trína gcuirtear ar chumas na Roinne measúnú a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí chórais bainistíochta airgeadais de chuid na rialtas comhpháirtíochta, agus seasamh a ghlacadh maidir leis an riosca agus an iontaofacht a bhaineann le húsáid na gcóras sin.

Tá sé beartaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an tionscnaimh Measúnaithe BAP in 2012 agus sna blianta dár gcionn.

Cé gur dócha go bhfuil sé róluath fós conclúidí cinnte a bhaint as sonraí, measann an Coiste Iniúchóireachta go gcuirfidh an Uirlis Mheasúnaithe BAP feabhas suntasach ar bhainistíocht riosca Chúnamh Éireann, agus go mbeidh ráthaíocht láidir don cháiníocóir dá réir go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach.

Is cúis díomá é gur chuir na ciorraithe diana ar chaiteachas poiblí le roinnt blianta anuas moill ar an dul chun cinn i dtreo sprioc mheántréimhseach na hÉireann i leith Cúnamh Oifigiúil Forbartha (COF), ar ionann í agus 0.7% den OTN, a bhaint amach. Agus gan cosúlacht ar bith air go ndéanfar maolú ar sheasamh teann buiséadach na n-údarás ar feadh tamaill fós, ba thráthúil é gur tionóladh ollchruinniú idirnáisiúnta maidir le héifeachtacht an chúnamh i mí na Samhna 2011 in Busan, sa Chóiré. Le linn an Fhóirim Ardleibhéil sin, comhaontaíodh creat domhanda maidir le comhar um fhorbairt, lenar sannadh úinéireacht níos mó ar thosaíochtaí um fhorbairt ar thíortha i mbéal forbartha agus lenar treisíodh an bhéim ar ghnóthú torthaí. Is amhlaidh gur é baint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise an chuspóir go fóill ach ní féidir neamhaird a dhéanamh de na réaltachtaí a bhaineann le cúinsí geilleagracha domhanda agus cúinsí buiséid atá athraithe ó bhonn, agus sin an fáth ar cuireadh an bhéim in Busan ar chaighdeán an chomhair maidir le cúnaimh idirnáisiúnta a fheabhsú. Tuigtear don Choiste Iniúchóireachta go ndéanfar machnamh san athbhreithniú ar Pháipéar Bán na bliana 2006 ar Chúnamh Éireann, a fhoilseofar níos déanaí i mbliana, ar conas na gealltanais a rinne Cúnamh Éireann in Busan a chur i bhfeidhm.

Is údar díomá é nach bhfuil sé i riocht ag an Roinn fós dhá cheapachán a dhéanamh a moladh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo de chuid an Choiste Iniúchóireachta – is iad siúd ainmniú Príomhoifigeach Riosca a mbeadh rochtain dhíreach aige nó aici ortsa agus ceapadh Ceann Airgeadais a mbeadh cáilíochtaí gairmiúla aige nó aici. Measann an Coiste go bhfeabhsófaí cumas bainistíochta na Roinne mar thoradh ar an dá cheapachán sin agus tuigtear dom ó bheith i dteagmháil leatsa go bhfuil an Roinn ar aon intinn leis an gCoiste Iniúchóireachta faoi sin ach nach bhfuil sé ar chumas na Roinne dul ar aghaidh leis na ceapacháin mar gheall ar theorainneacha ó thaobh foirne.

B'fhéidir gur iarmhairt dhosheachanta de chuid an lánchoisc dhocht ar cheapachán foirne atá i bhfeidhm le trí bliana anuas go bhfuil an Roinn curtha thar acmhainní maidir le bainistíocht clár cúnaimh lena n-éilítear maoirseacht oile íogair. Molann an Coiste Iniúchóireachta na céimeanna a glacadh go dtí seo chun tionchar an laghdaithe ar líon na mball foirne a mhaolú. Fáiltíonn sé go háirithe roimh an tosaíocht a tugadh do neart uimhriúil agus gairmiúlacht an Aonaid Meastóireachta agus Iniúchóireachta a choinneáil. Trí bhearta um shimpliú cúnaimh a ghlac an Roinn cheana, mar aon le solúbthacht bhreise maidir le dílárú, cuidíodh leis an mbrú ar an fhoireann a laghdú. É sin ráite, tá an Coiste imníoch go fóill go mbeidh leibhéal na ráthaíochta maidir le bainistiú stuama, éifeachtach ar chistí na gcáiníocóirí ina shaincheist don Roinn de réir mar a thiocfaidh méadú ar an mbrú de bharr an lánchoisc ar earcaíocht. Sna cúinsí sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar an Roinn bearta coimeádta caiteachais níos fairsinge a bhreithniú, agus cinntiú go léireofaí an neamhchosaint sin i gclár rioscaí na Roinne ar a laghad ar bith.

Le linn na bliana 2011, neartaíodh an leibhéal rannpháirtíochta idir an Coiste Iniúchóireachta agus Rúnaíocht um Bainistíocht Riosca na Roinne. Is léir go n-aithnítear ar gach leibhéal laistigh den Roinn

an tábhacht a bhaineann le bainistíocht riosca agus go háirithe le straitéisí éifeachtacha a aithint um maolú riosca. Cuirtear fáilte freisin roimh athbhreithniú rialta an Choiste Chomhairligh Bainistíochta ar chlár príomhrioscaí na Roinne. Tá an Coiste ag tnúth le bheith i mbun oibre leis an Rúnaíocht um Bainistíocht Riosca le linn na bliana 2012 chun mionchoigeartú breise a dhéanamh ar straitéisí na Roinne um shrianadh riosca. Is dócha, mar thoradh ar sin, go gcuirfear béim bhreise ar ról na Rannóga agus na Misean túslíne maidir le bagairtí féideartha do ghnó na Roinne a aithint agus a fhreagairt.

Is iad na saincheisteanna ar dócha go ndéanfar tagairt dóibh i gclár oibre an Choiste Iniúchóireachta i gcomhair na bliana 2012 ná athbhreithniú ar éifeachtacht an tionscnaimh um Bainistíocht Airgeadais Poiblí; príomhshruthú cultúir atá fabhrach don mheasúnú laistigh den Roinn; an t-athrú ar an gcineál caidrimh idir Cúnamh Éireann agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha / an earnáil dheonach; rialú caiteachais in ambasáidí agus Misin thar lear agus béim ar leith ar chostas cóiríochta; agus athbhreithniú ar fheidhmiú airgeadais Oifig na bPasanna.

Cuireann rannpháirtíocht éifeachtach in obair an Choiste Iniúchóireachta brú ar am agus ar fhuinneamh bhaill an Choiste – ní hamháin maidir le freastal ar na seacht gcruinniú a tharla le linn na bliana 2011, ach an méid suntasach réamhullmhúcháin agus léitheoireachta idir na cruinnithe, atá ar chomhthábhacht leis na cruinnithe féin. Bíonn baill an Choiste ag fónamh i gcáil dheonach agus is mór agam gairmiúlacht agus tacaíocht mo chuid comhghleacaithe, Richard Boyle, Aidan Eames, Donal Corcoran agus Jim Gillespie. Ba cheart dom a lua freisin gur thaistil Aidan agus Jim ar cuairt allamuigh Rannóige chun na Tansáine i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2011 chun riarachán agus seachadadh an chúnamh a fheiceáil ar an láthair.

D'éirigh Maura Quinn as an gCoiste Iniúchóireachta gar do dheireadh na bliana 2011 mar go raibh sí faoi bhrú ag tiomantais ghnó. Sholáthair sí comhairle chríonna agus fios gnó praiticiúil le linn an dá bhliain ina raibh sí ina ball den Choiste. Mothóimid uainn a cuid rannpháirtíochta. Tá áthas orm a lua gur roghnaíodh Emer Daly mar bhall den Choiste Iniúchóireachta níos luaithe i mbliana agus táimid ag tnúth le bheith ag obair léi.

Ba mhaith liom a thaifead gur mór agam an tacaíocht a chuireann bainistíocht agus foireann na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar fáil i gcónaí. Chuidigh a gcuid tuarascálacha ar dhul chun cinn agus a gcuid láithreoireachtaí ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta go mór le hobair an Choiste. Is mian liom mo bhuíochas ar leith a ghabháil le foireann an Aonaid Meastóireachta agus Iniúchóireachta – le Tom Hennessy, ár rúnaí dícheallach, agus le baill foirne eile an Aonaid faoi stiúir William Carlos, Anne Barry, Donal Murray, Seamus O'Grady agus Patricia Ryan, a bhfuil an-mheas ar a gcuid gairmiúlachta nár theip riamh uirthi. Mar fhocail scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas féin a ghabháil leat as ucht do chuid tacaíochta agus spreagtha maidir lenár gcuid oibre.

Philip Furlong
Cathaoirleach
An Coiste Iniúchóireachta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Meitheamh 2012

B. Baill an Choiste Iniúcháireachta

Tarraingítear ar dhaoine lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun a bheith ina mbaill de chuid an Choiste Iniúcháireachta. Is é Ard-Rúnaí na Roinne a dhéanann iad a cheapadh.

Le linn na bliana 2011, ba iad na daoine seo a leanas baill an Choiste:

An tUasal Philip Furlong, Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Iar-Ard-Rúnaí na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (ceaptha mar bhall den Choiste i mí Eanáir 2008).

An Dr Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorporáidigh, an Foras Riaracháin (Eanáir 2008).

An tUasal Maura Quinn, Príomhfheidhmeannach Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn (ceaptha i mí Iúil 2009 agus d'éirigh sí as i mí na Samhna 2011).

An tUasal Donal Corcoran, Cuntasóir Bainistíochta Cairte agus sainchomhairleoir bainistíochta ar scor (mí Iúil 2010).

An tUasal Aidan Eames, Aturnae agus Iar-Chathaoirleach na Gnómhaireachta um Pearsanra Thar Lear (mí Iúil 2010).

An tUasal Jim Gillespie, Cuntasóir Cairte agus iar-chomhpháirtí de chuid Ernest and Young (mí Iúil 2011).

C. Ról an Choiste Iniúcháireachta

Cuireann an Coiste Iniúcháireachta comhairle ar an Ard-Rúnaí maidir le beartais agus straitéisí iniúcháireachta inmheánaí um bainistíocht riosca a oireann d'fheidhmiú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus dá réir sin tacaíonn an Coiste leis agus a chuid dualgas mar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne á chomhlíonadh aige. D'fhéadfadh go gcuirfeadh an Coiste comhairle ar an Tánaiste, ar an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ar an Aire Stáit um Trádáil agus Fhorbairt nuair is cuí.

Leagtar amach feidhm agus téarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta ina Chairt. Is iad seo a leanas dhá phríomhfheidhm an Choiste:

- Comhairle a chur ar fáil maidir le hoibriúchán feidhm na Meastóireachta agus na hIniúcháireachta laistigh den Roinn.
- Scrúdú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéis bainistíochta riosca na Roinne.

Tá an Coiste freagrach as na dualgais seo a leanas:

- Formhuiniú agus athbhreithniú tréimhsiúil ar chairt Mheastóireachta agus Iniúcháireachta ina dtugtar sainmhíniú soiléir ar chuspóir, údarás, ról, feidhmeanna, freagraíochtaí agus caidreamh tuairiscithe an Choiste Iniúcháireachta, an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta agus lucht bainistíochta na Roinne.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre atá beartaithe don Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta laistigh den Roinn, agus comhairle a sholáthar maidir leis an gclár sin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean meastóireachta agus iniúcháireachta.
- Torthaí na dtuarascálacha meastóireachta agus na dtuarascálacha iniúchára atá críochnaithe a mheas, éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh a mheas agus a chuid conclúidí ina dtaobh sin a chur ar fáil do lucht bainistíochta na Roinne.
- Comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le héifeachtacht na feidhme Meastóireachta agus Iniúcháireachta.
- Iarratas a dhéanamh ar thuarascálacha ar leith ón Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta, de réir mar is cuí.
- Measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhartha ceartaitheacha comhaontaithe ag an mbainistíocht ag féachaint do mheastóireachtaí agus d'iniúchtaí a leanann uathu.
- Comhairle a chur ar fáil maidir le hinfhaighteacht acmhainní agus scileanna imleora d'Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta na Roinne, agus moltaí a thabhairt maidir le leithdháileadh acmhainní nuair a mheastar go mbeadh sé sin inmhianaithe.
- Forbairt an dea-chleachtais a spreagadh laistigh den Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéise um bainistíocht riosca na Roinne agus comhairle a chur ar fáil don Ard-Rúnaí faoi éifeachtacht an phróisis sin.
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú don Ard-Rúnaí.

Bíonn an Coiste Iniúcháireachta ag fónamh i gcáil chomhairleach agus dá réir sin níl aon feidhm feidhmiúcháin aige. Ní bhíonn freagracht túslíne air dá bhrí sin maidir leis an bpróiseas

meastóireachta agus iniúcháireachta mionsonraithe, ná maidir le hainm a chur le tuarascálacha meastóireachta agus tuarascálacha iniúchára. Ní bhíonn freagracht feidhmiúcháin air maidir le hathbhreithniú agus faomhadh (ar son na bainistíochta) a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla i gcomhair Vótaí na Roinne, ná ní bhíonn baint ar bith aige leis an gcúram sin.

Buileann an Coiste Iniúcháireachta le hionadaithe an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar a laghad uair sa bhliain. Is é an aidhm atá leis sin faisnéis agus tuairimí a mhalartú. Ní bhíonn baint dhíreach ag an gCoiste Iniúcháireachta leis an iniúchadh bliantúil a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na ráitis airgeadais i gcomhair Vótaí na Roinne.

D. Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Mholtaí Thuarascáil Bhliantúil 2010

Díríonn an Coiste aird ina chuid tuarascálacha bliantúla ar mholtaí do lucht bainistíochta na Roinne a eascraíonn óna scrúdú ar chaiteachas agus ar chláir le linn na bliana. Is é aidhm na moltaí seo aird a dhíriú ar shaincheistanna óna dteastaíonn gníomhú leantach, i dtuairim an Choiste, agus braitheann an Coiste go mbaineann an-tábhacht le gníomh a ghlacadh ina leith. Chuige sin, chun cur i bhfeidhm córasach a chuid moltaí a chumasú, d'iarr an Coiste ar an Roinn socruithe a bhunú maidir le gníomhú leantach a rianú agus tuairiscí tréimhsiúla a ullmhú ar an dul chun cinn a rinneadh i leith a gcur i bhfeidhm. Chuir na socruithe seo go mór le héifeachtacht oibre an Choiste trí íoslaghdú a dhéanamh ar an ngá le haithris gan iarraidh ar mholtaí agus trí chreat comhphlé a chur ar bun leis an lucht bainistíochta ar na saincheistanna a thagann i gceist le linn phróiseas an chur chun feidhme.

An bhliain seo caite, cuireadh go mór leis an bpróiseas um rannpháirtíocht chuiditheach idir an Coiste agus bainistíocht na Roinne nuair a dháil an tArd-Rúnaí ar an gCoiste freagraí mionsonraithe ar na moltaí a rinneadh i dTuarascálacha Bliantúla an Choiste le haghaidh 2009 agus blianta roimhe sin. Bhí na freagraí sin ag gabháil le Tuarascáil Bhliantúil an Choiste i gcomhair na bliana 2010.

I mbliana, chuir an tArd-Rúnaí freagraí miondealaithe na Roinne ar fáil don Choiste ar na 17 moladh a leagadh amach i dTuarascáil Bhliantúil an Choiste don bhliain 2010. I gcaitheamh a fhreagra, d'aithin sé cúnaimh an Choiste Iniúcháireachta maidir le héifeachtacht chórais bainistíochta airgeadais na Roinne a dhearbhu.

Leagtar amach na freagraí aonair in Aguisín 5 a ghabhann leis an tuarascáil seo. Léirítear iontu i gcoitinne glacadh le treo ginearálta mholtaí an Choiste. Tá fáilte ar leith roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le suiteáil chórais stóinsithe um bainistíocht riosca cé gur léir go bhfuil gá le breis comhphlé idir an Roinn agus an Coiste maidir le tábhacht phost an Phríomh-Oifigigh Riosca. Bhí an Coiste ag súil go mbeadh dul chun cinn níos tapúla déanta maidir le bunú feidhm aontaithe airgeadais, trína bhfreastalófaí ar gach rannóg de chuid na Roinne, ach tuigtear dó go bhfuiltear ag tabhairt faoi sin anois. Is cinnte go gcuirfeadh ainmniú Ceann Airgeadais a raibh cáilíochtaí gairmiúla aige nó aici le héifeachtacht na feidhme aontaithe airgeadais. Tá sé luaite ag an Roinn, áfach, go ndeachaigh na srianta ar ann dóibh faoi láthair ar sholáthar foirne i bhfeidhm go diúltach ar chur i gcrích an mholta sin.

E. Tuairimí, Torthaí agus Moltaí an Choiste Iniúcháireachta don bhliain 2011

I gcomhréir lena Chairt, díritear le hobair an Choiste Iniúcháireachta ar na réimsí seo a leanas:

1. Córais Faisnéise Bainistíochta agus Rialuithe Inmheánacha
2. Iniúcháireacht Inmheánach
3. Meastóireacht
4. Aithint Rioscaí
5. Cúrsaí Eagraíochtúla agus Acmhainne

Leagtar amach tuairimí agus príomh-mholtaí an Choiste i leith na réimsí sin sna codanna seo a leanas den tuarascáil:

1. Córais Faisnéise Bainistíochta agus Rialuithe Inmheánacha

Thug an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairim iniúchta gan choinníoll i leith na gcuntas leithghabhála do Vóta 28 agus Vóta 29 don bhliain airgeadais 2010. Tá an t-iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála na Roinne don bhliain 2011 ar bun faoi láthair.

D'athbhreithnigh an Coiste Iniúcháireachta dul chun cinn an tionscadail chun na hAonaid Airgeadais a chumasc don dá vóta agus thug siad ar aird gur cuireadh uasghrádú na gcóras um bainistíocht airgeadais i gcrích, a bhfuil comhardán airgeadais ag an dá vóta dá bharr. Táthar ag súil go gcuideoidh sé seo críoch a chur leis an gcumasc go luath. Chuir an Roinn in iúl don Choiste Iniúcháireachta go bhfuil roinnt saincheistanna fós le plé maidir le hinfheidhmitheacht an struchtúir bainistíochta a chomhtháthú don fheidhm. Ba cheart go ndéanfaí orthu sin gan mhoill.

Moladh

Molann an Coiste Iniúcháireachta go láidir go dtabharfadh an lucht bainistíochta aird ar leith ar an moladh a rinne sé i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2010 uaidh, is é sin go ndéanfaí na hAonaid Airgeadais don dá Vóta a chumasc, agus go socrófaí dáta cinnte do chríochnú an chumaisc.

2. Iniúcháireacht inmheánach

D'athbhreithnigh an Coiste Iniúcháireachta cur i bhfeidhm chlár oibre iniúcháireachta inmheánaí an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta le linn na bliana.

Clúdaítear an dá vóta leis an gclár oibre iniúcháireachta inmheánaí agus tá sé de bhreis ar mheasúnachtaí um Bainistíocht Airgeadais Poiblí ar tugadh fúthu i dtíortha cláir Chúnammh Éireann (Cuid F.4.). Áirítear leis na príomhthascanna ar tugadh fúthu agus leis na conclúidí foriomlána i ngach cás iad seo a leanas:

2.1 Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus ar fud na Roinne

Tasc Iniúcháireachta	Stádas	Príomhchonclúidí
Iniúchadh ar an mBuanionadaíocht don Aontas Eorpach, an Bhruiséil	Curtha i gcrích	Deimhníodh go raibh an córas rialaithe inmheánaigh, airgeadais agus neamhairgeadais araon, ag feidhmiú go maith i gcoitinne.
Iniúchadh ar Ambasáid Bheirlín	Curtha i gcrích	Tá na córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go maith
Iniúchadh ar Ambasáid na Róimhe	Curtha i gcrích	Tá na córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go maith
Athbhreithniú ar Chlár Rioscaí na Roinne agus ar an gCóras Bainistíochta Riosca	Ar siúl	Ar feitheamh Thug an Coiste Iniúcháireachta ar aird go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le clár rioscaí “so-iniúchta” a fhorbairt agus go bhfuil obair nach beag déanta ag Rúnaíocht na Bainistíochta Riosca i leith próiseas um bainistíochta riosca a chódú agus tosaíocht a thabhairt dóibh ar fud na Roinne.
Iniúchadh ar Chaiteachas na Roinne ar Chóiríocht.	Ar siúl	Ar feitheamh
Iniúchadh ar Thaisteal agus ar Chothú na Roinne	Curtha i gcrích	Tá na rialuithe inmheánacha mar is cuí agus cuirtear i bhfeidhm i gceart iad. Tá iarracht chomhfhiosach á déanamh le dhá bhliain nó trí bliana anuas i ndáil le caiteachas taistil agus cothaithe a rialú.

Moladh

Cé go n-aithníonn an Coiste Iniúcháireachta go ndearbhaítear leis an bhfianaise a thugtar ar aird sna tuarascálacha atá curtha i gcrích go bhfuil córais rialaithe inmheánaigh na Roinne ag feidhmiú go sásúil den chuid is mó, molann sé go gcuirfí le luach oibríochtúil na dtuarascálacha amach anseo dá gcuirfí rátáil nó rangú tosaíochta le gach moladh iniúcháireachta.

2.2 Vóta 29 – Cúnamh Éireann

Tasc Iniúcháireachta	Stádas	Príomhchonclúidí
Iniúchadh ar SCI agus ar mhaoiniú Éigeandála/Daonnúil chuig Concern	Curtha i gcrích	Baineadh úsáid as cistí Chúnamh Éireann chun tacú le cuspóirí cláir a comhaontaíodh le Concern; tabhaíodh caiteachas de réir théarmaí agus choinníollacha na gcomhaontuithe idir Cúnamh Éireann agus Concern den chuid is mó, agus coinníodh cuntas air mar is cuí. Rinneadh roinnt moltaí san iniúchadh maidir le rialachas, bainistíocht bunaithe ar thorthaí, feidhmiú céimneach plean straitéisigh úir agus rialú costas/caolú maoinithe. Ghlac Concern leis na moltaí ina gcuid freagraí ón lucht bainistíochta ar an

Tasc Iniúcháireachta	Stádas	Príomhchonclúidí tuarascáil iniúchára.
Iniúchadh ar SCI agus ar mhaoiniú Éigeandála/Daonnúil chuig GOAL	Curtha i gcrích	<p>Baineadh úsáid as cistí Chúnammh Éireann chun tacú le cuspóirí cláir a comhaontaíodh le GOAL; tabhaíodh caiteachas de réir théarmaí agus choinníollacha na gcomhaontuithe idir Cúnammh Éireann agus GAOL den chuid is mó, agus coinníodh cuntas air mar is cuí.</p> <p>Cé go ndealraíonn sé go bhfuil córais freagrachta chuí i bhfeidhm ag GOAL, níorbh fhéidir a chinntiú go raibh na córais rialachais á n-oibriú mar is cuí mar gheall ar shrian maidir le raon feidhme an iniúchta.</p> <p>Dúirt an Coiste Iniúcháireachta agus an tuarascáil á plé aige gur gá tabhairt faoi na buarthaí maidir le stóinseacht an rialachais chorpáidigh in GOAL.</p>
Iniúchadh ar SCI agus ar mhaoiniú Éigeandála/Daonnúil chuig Christian Aid	Curtha i gcrích	<p>Baineadh úsáid as cistí Chúnammh Éireann chun tacú le cuspóirí cláir a comhaontaíodh, tabhaíodh caiteachas de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha den chuid is mó, agus coinníodh cuntas air mar is cuí. Ceapann Christian Aid cláir agus cuireann sí i bhfeidhm iad laistigh de chreat straitéise Christian Aid na Breataine Móire, agus laistigh de struchtúir clár, córas agus soláthar foirne allamuigh (oibríochtaí i mbreis agus 40 tír trí thart agus 600 comhpháirtí feidhmithe). Fágann sin go bhfuil rochtain ag Christian Aid ar chórais freagrachta eagraíochta i bhfad níos mó, leagan amach a ndealraíonn sé a bheith éifeachtach.</p>
Iniúchadh ar rianú an mhaoinithe chuig Vita	Curtha i gcrích	<p>Baineadh úsáid as cistí Chúnammh Éireann chun tacú le cuspóirí cláir a comhaontaíodh, tabhaíodh caiteachas de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha den chuid is mó, agus coinníodh cuntas air mar is cuí. Cuireadh in iúl i dtorthaí an iniúchta gur baineadh úsáid as cistí deontóra eile le tacú le clár Chúnammh Éireann mar gheall ar mhoill ar eisíocaíochtaí chistí Chúnammh Éireann chuig Vita in 2010 (de bharr ceisteanna maidir leis na ráitis airgeadais iniúchta). Leagadh béim air san iniúchadh gur laigí rialachais agus maoirseachta ba chúis leis sin, agus gur neartaíodh na laigí siúd ó shin.</p>
Iniúchadh ar chlár Chúnammh Éireann i leith Vítneam	Curtha i gcrích	<p>Ar an iomlán, tá Ambasáid Vítneam eagraithe go maith ó thaobh cuntasáíocht inmheánach agus córas bainistíochta de. Aithníodh roinnt deiseanna chun córais a neartú agus comhaontaíodh ar ghníomhartha chun é sin a bhaint amach.</p>
Iniúchadh ar chlár Chúnammh Éireann i leith		<p>Ar an iomlán, tá an Misean i Siarra Leon eagraithe go maith ó thaobh a chuid cuntasáíochta inmheánaí agus a chuid</p>

Tasc Iniúcháireachta	Stádas	Príomhchonclúidí
Shiarra Leon		córas bainistíochta riosca, ach mar geall ar shrianta acmhainne níl sé chomh héifeachtach sin maidir le monatóireacht ghéar rialta a dhéanamh ar chomhpháirtithe. Feidhmíonn an Misean in imthosca dúshlánacha agus baineann deacrachtaí ar leith leis an mbonneagar cumarsáide. Ní dócha go réiteofar na deacrachtaí sin go dtí 2012 nuair a chuirfear aistriú chuig oifig úr i gcrích.

Conclúid/Moladh

Fáiltíonn an Coiste Iniúcháireachta roimh chuimsitheacht na n-iniúchtaí agus tugann sé ar aird go bhfuil na príomh-mholtaí á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear iadsan trína ndírítear ar an mbaint atá ag leithdháileadh agus torthaí le chéile. Is é tuairim an Choiste Iniúcháireachta gur cheart caighdeán an rialachais chorparáidigh a bheith an-ard i ngach eagraíocht a fhaigheann maoiniú ón Roinn nó ó Chúnamh Éireann sna cúinsí buiséadacha reatha. Molann an Coiste go láidir go ndíreofaí go práinneach ar na heasnamh a bhaineann le GOAL.

2.3 Calaois

Bíonn riosca na calaoise ina chuid bhunúsach den chúnamh forbartha, agus tá an riosca is airde ar leibhéal na gcomhpháirtithe toisc gur minic nach mbíonn sé ar chumas Chúnamh Éireann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar na cistí a eisíoctar. Is deimhin leis an gCoiste Iniúcháireachta go nglacann Cúnamh Éireann gach beart réasúnach chun dealraitheacht agus tionchar na calaoise a mhaolú, ach tugann sé ar aird roinnt cásanna calaoise líomhnaithe le linn 2011, a ndéantar cur síos ar chuid acu thíos.

An Ciste Domhanda um Chomhrac in aghaidh SEIF, na hEitinne agus na Maláire

Is comhpháirtíocht uathúil phríobháideach phoiblí é an Ciste Domhanda, mar aon le hinstiúid maoinithe idirnáisiúnta, atá tiomnaithe d'acmhainní breise a mhealladh agus a dháileadh chun VEID, SEIF, an eitinn agus an mhaláire a chosc agus a chóireáil. Ó bunaíodh é in 2002, tá an Ciste Domhanda tagtha chun bheith ina phríomhairgeadaí ar chlár chun comhrac i gcoinne SEIF, na heitinne, agus na maláire, agus maoiniú ar fiú US\$ 22.6 billiún é ceadaithe aige i gcomhair breis agus 1,000 clár i 150 tír.

Sna blianta 2010 agus 2011, d'eisigh Oifig Ard-Chigire an Chiste Dhomhanda roinnt tuarascálacha iniúcháir inar díródh aird ar roinnt fadhbanna gearchéimneacha i dtíortha ar leith maidir le húsáid a bhaint as na hacmhainní a chuireann an Ciste Domhanda ar fáil. Tugadh chun tosaigh roinnt dúshlán a bhfuil ar an gCiste Domhanda aghaidh a thabhairt orthu ina chuid oibríochtaí. Agus an méid sin á aithint, shiarchoinnigh Cúnamh Éireann eisíocaíocht an leithdháileacháin €9.34 milliún don Chiste Domhanda don bhliain 2011 go dtí go bhfuarthas ráthaíochtaí maidir le socruithe rialachais agus maoirseachta athbhreithnithe, agus go dtí go raibh tiomantas soiléir ó dheontóirí eile a ngealltanais don Chiste a chomhlíonadh.

Ag leanúint ó athbhreithniú de chuid an Phainéil Ardleibhéil ar rialuithe muiníneacha agus ar mheicníochtaí maoirseachta an Chiste, cheadaigh an Bord "Plean um Bunathrú Comhdhlúite" i mí na

Samhna 2011. I ndiaidh chruinniú an Bhoird i mí na Samhna agus ar bhonn an dul chun cinn a rinneadh go dtí sin, d'eisíoc Cúnamh Éireann a ranníocaíocht iomlán don bhliain 2011. Leanfar leis an monatóireacht ghéar atá á déanamh ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta ar thuarascálacha iniúchára arna n-eisiúint ag Oifig an Ard-Chigire, agus díreofar go háirithe ar na tuarascálacha a bhaineann le tíortha cláir de chuid Chúnamh Éireann.

UNICEF Shiarra Leon

I Márta 2011, thug an Misean in Freetown ar aird an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta go bhféadfadh go ndearnadh mí-leithghabháil ar sholáthairtí bianna teiripeacha ó Chlár faoi mhaoiniú Chúnamh Éireann arna chur i bhfeidhm ag UNICEF. In imscrúdú a rinne UNICEF, deimhníodh go raibh laigí ar fud shlabhra soláthair an chórais bainistíochta iomláin le béim ar leith ar dhrochnósanna maidir le taifead a choinneáil ar shreabhadh soláthairtí. Tugadh le fios sa tuarascáil nach bhféadfaí cuntas a thabhairt ar 27% ar a laghad den bhia teiripeach a soláthraíodh sa chóras taifeadta a scrúdaíodh le linn an iniúchta agus luadh, sa mhullach air sin, go bhféadfadh sé, mar gheall ar easpa taifead ceart, go ndearnadh mí-leithghabháil nó “sceitheadh” ar suas le 60% de na stoic. Tar éis imscrúdaithe a rinne an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta, thángthas ar chomhaontú idir Cúnamh Éireann agus UNICEF: (i) creat cuntasachta éifeachtach maidir le dáileadh na soláthairtí i Siarra Leon a bhunú agus (ii) Cúnamh Éireann a aisíoc i leith na soláthairtí nár tugadh cuntas orthu, ar bhfiú US\$ 699,271 iad. Chuir críochnú rathúil na gcéimeanna sin ar chumas Chúnamh Éireann agus UNICEF leanúint leis an gclár comhpháirteach.

Beartas Calaoise – Tugann an Coiste Iniúcháireachta ar aird gur ann do Bheartas Calaoise na Roinne agus a Cód Cleachtas i leith na Calaoise in Eagraíochtaí Comhpháirtíochta le roinnt blianta anuas, agus go bhféadfadh sé a bheith tráthúil athchuir a thabhairt orthu agus iad a nuashonrú.

Rinneadh gach cás inar tuairiscíodh calaois líomhnaithe a thaifeadadh agus a rianú i gclár calaoise a choimeádtar san Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta, agus a ndéanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú rialta air. Molann an Coiste airdeall na Roinne i ndáil le líomhaintí calaoise a iniúchadh a luaithe agus a bhíonn sí ar an eolas fúthu.

Moladh

Molann an Coiste Iniúcháireachta gur cheart don Roinn an t-athbhreithniú ar a Beartas Calaoise agus a Cód Cleachtas i leith na Calaoise in Eagraíochtaí Comhpháirtíochta a chríochnú agus prótacail athbhreithnithe a eisiúint in am trátha.

3. Meastóireacht

Cé gur ann do chultúr agus cleachtas tréan meastóireachta laistigh den Rannóg um Chomhar Forbartha sa Roinn, leathnaíodh téarmaí tagartha an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta sa bhliain 2011 chun an cultúr agus an cleachtas meastóireachta sin a leathnú trasna na Roinne iomláine. Cuimseofar sna téarmaí tagartha leathnaithe sin príomhról a ghlacadh maidir le tabhairt faoi gach athbhreithniú ar luach ar airgead laistigh den Roinn.

Laistigh de Chúnamh Éireann, bhí na staidéir mheastóireachta fós tábhachtach mar ionchur i ndáil le pleanáil straitéise agus críochnaíodh roinnt staidéir shuntasacha le linn na bliana 2011. Staidéar a

raibh suim faoi leith ag an gCoiste Iniúcháireachta ann arbh ea an mheastóireacht ar thréimhse 2 de Scéim Cláir Ilbhliantúil (SCI) na sochaí sibhialta. Táirgeadh ceithre thuarascáil chomhpháirtíochta de chuid na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus tuarascáil sintéise, trínar cuidíodh le cinnteoireacht Chúnamh Éireann maidir le treo straitéiseach na scéime amach anseo. Ba é ceann de na príomhthorthaí a d'eascair ón na meastóireachtaí sin, toradh ar aontaigh an Coiste Iniúcháireachta go háirithe leis, an gá creat atá bunaithe ar thorthaí a fhorbairt i gcomhair bhainistíocht SCI amach anseo. D'fháiltigh an Coiste roimh an obair leantach a bhí ar bun ag dhá cheann de na comhpháirtithe ar eagraíochtaí neamhrialtasacha iad i ndáil leis an gcur chuige bainistíochta atá bunaithe ar thorthaí a neartú maidir lena gcuid oibre. Rinneadh meastóireacht chomh maith ar dhá Chlár um Straitéis Tíre le linn na bliana - Mósaimbíc agus an tSaimbia.

Cuireadh tús le forbairt ar shamhail nua i gcomhair chomhbhall mheastóireachta na Straitéisí Tíre in 2011 freisin. Leis an tsamhail meastóireachta 'nua', beidh treoir ar fáil maidir le pleanáil straitéisí tacaíochta nua, agus leagfar amach pleananna i gcomhair sainphíosáí taighde agus meastóireachta a bhfuiltear chun tabhairt fúthu le linn shaolré Straitéis Tíre. Cuideoidh an tsamhail chun an bonn fianaise a neartú le haghaidh idirghabhálacha clár, mar aon lena gcuireann siad le laghdú na bochtaineachta. Tá staidéir mheastóireachta bunaithe ar an tsamhail nua á dtabhairt chun críche faoi láthair le haghaidh Clár um Straitéis Tíre na Maláive agus na Tansáine.

Tosófar ag obair ar chur chuige meastóireachta a fhorbairt do Mhósaimbíc, don Aetóip, don tSaimbia agus do Leosóta in 2012. Tá sé beartaithe ag Cúnamh Éireann cur chuige bunaithe ar mheastóireacht a bheith i bhfeidhm maidir lena Chláir um Straitéis Tíre uile faoin mbliain 2014 agus mar thoradh air sin cuirfear chun críche meastóireacht 'thraidisiúnta' na gClár um Straitéis Tíre in 2012. Leis an gcur chuige nua seo a chomhlánú, dúshlán eile a bheidh ann an cumas meastóireachta a fhorbairt ar leibhéal tíre. Cuireadh tús leis an obair thosaíochta sa réimse sin le dhá cheardlann oiliúna san Aetóip agus sa Mhaláiv. Tá sé ar intinn ag an gCoiste Iniúcháireachta athbhreithniú a dhéanamh ar aschuir mheastóireachta na Straitéise Tíre nua de réir mar a chuirtear i gcrích iad.

Anuas ar sin, ghlac Éire páirt in dhá mheastóireacht deontóra chomhpháirteacha, Meastóireacht Chomhpháirteach Phríomh-Chiste Práinnfhreagartha na Náisiún Aontaithe mar aon le meastóireacht chomhpháirtithe na Stiúrthóireachta um Chomhoibriú Forbartha de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ar Athchóiriú Rialachais san Earnáil Phoiblí. I gcainteanna de chuid an Choiste Iniúcháireachta sna blianta roimhe sin, moladh gur cheart tionscnaimh chomhpháirteacha ar mheastóireachtaí deontóirí a bheith i gclár oibre an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta toisc go gcuirfidís le cuimsiú na gclár a dtacaítear leo.

Tar éis próiseas tairisceana poiblí, cuireadh comhaontú um chreat meastóireachta i bhfeidhm le ceithre chuideachta chomhairleachta, trínar réamhcháilíodh iad chun tairiscint a dhéanamh ar obair mheastóireachta clár tíre agus obair mheastóireachta bhainteach eile thar an chéad cheithre bliana eile. Cuideoidh an comhaontú nua leis an bpróiseas tairisceana a shruthlíniú agus le soláthar foirne um meastóireacht ar cháilíocht a chinntiú don obair sin.

I measc na dtionscadal eile ar tugadh fúthu in 2011, bhí ullmhúchán Dréacht-Lámhleabhar Oibríochtaí Rannóige ar an Meastóireacht, atá le bheith críochnaithe in 2012. Beidh fáil sa lámhleabhar ar threoir mhionsonraithe maidir le conas meastóireachtaí a stiúradh i gcomhair an Aonaid Meastóireachta, na Rannóga Líne tras-Roinne agus na Misean thar lear chomh maith.

Cuireadh córas rianaithe struchtúrtha ar bun chun moltaí meastóireachta a leanúint agus tá sé ag feidhmiú anois.

Agus téarmaí tagartha an Aonaid á leathnú le príomhról a ghlacadh sa mheastóireacht trasna na Roinne iomláine, cuirfear clár meastóireachta, ina gcuimseofar athbhreithniú ar Luach ar Airgead, i bhfeidhm in 2012.

Tá dúshlán nach beag le sárú ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta maidir le tosaíochtaí oibre a bhainistiú le líon foirne laghdaithe. Ba dheacair don Aonad a chuid oibleagáidí maidir le hIniúcháireachtaí um Luach ar Airgead a chomhlíonadh in 2012 toisc go n-éilíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfear na hAthbhreithnithe sin i gcrích le hacmhainní na foirne inmheánaí amháin.

Moltaí

Fáiltíonn an Coiste Iniúcháireachta roimh an tionscnamh chun plean meastóireachta a fhorbairt don Roinn i gcoitinne agus - agus é á thabhairt faoi deara aige gur cuireadh béim i gClár Nua an Rialtais ar an ngá atá le níos mó meastóireachta córasaí ar chlár chaiteachais – molann sé go dtacaítear leis an bplean meastóireachta agus go dtabharfar tús áite dó ar fud na Roinne.

Molann an Coiste Iniúcháireachta go ndéanfar an mheastóireacht a phríomhshruthú ar fud na Roinne chomh luath agus is féidir agus go mbeadh fáil ag an bhfoireann ar fud na Roinne ar an lámhleabhar Oibríochtaí ar Mheastóireacht nuair a thabharfar chun críche é.

Molann an Coiste Iniúcháireachta go neartófaí tuarascálacha meastóireachta na dtíortha cláir trí tháscairí ábhartha feidhmíochta macra-eacnamaíochta a chuimsiú leo nuair a bheidh na táscairí sin ar fáil.

4. Aithint agus Bainistíocht Riosca

Déanann an Coiste agus Rúnaíocht um Bainistíocht Riosca athbhreithniú leanúnach ar phróisis bhainistíochta riosca na Roinne, le comhairle ón gCoiste Iniúcháireachta agus ó chomhairleoir seachtrach le linn 2011. I meastóireacht na Rúnaíochta um Bainistíocht Riosca ar an bpróiseas um bainistíocht riosca agus ar an timpeallacht rialaithe, d'aithin sí i gcomhair an Choiste Iniúcháireachta na príomhrioscaí agus na príomhdhúshláin chláir seo a leanas a bhfuil ar an Roinn tabhairt fúthu.

- **Leas na hÉireann a chur chun cinn**

Baineann rioscaí straitéiseacha, rioscaí clú agus rioscaí airgeadas le leas na hÉireann a chur chun cinn san AE agus sna réimsí ilnáisiúnta. Leis na géarchéimeanna geilleagracha náisiúnta, Eorpacha agus domhanda le blianta beaga anuas, cuireadh leis an tábhacht a bhaineann le caidreamh na hÉireann a neartú i measc an phobail idirnáisiúnta. Tá ról ríthábhachtach ag an Roinn maidir le cothabháil an chaidrimh sin, cur chun cinn dhea-íomhá na hÉireann thar lear, agus na rioscaí a bhaineann leis a bhainistiú.

- **Tuaisceart Éireann**

Tá freagracht ar an Roinn as forfheidhmiú iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur chun cinn trí thacú le feidhmiú éifeachtach a chuid institiúidí, trí Chomhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus trí

oibriú ar son athmhuintearas buan. Is dúshlán é seo don Roinn maidir le slándáil, athmhuintearas pobail, comhoibriú eacnamaíochta agus saincheistanna idir-Rialtasacha.

- **Cúnamh Éireann**

Déantar tacaíocht Chúnamh Éireann a sheachadadh ar bhealaí éagsúla lena gcuimsítear córais rialtais i dtíortha cláir, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe. Tá dúshlán shuntasacha ann maidir le héifeachtacht an chúnamh a chinntiú i leith mhaolú na bochtaineachta agus géarchéimeanna daonnúla, agus a chinntiú freisin go ndéantar bainistíocht cheart ar an gcúnamh, go seachadtar luach ar airgead leis, nach ndéantar mí-leithghabháil air agus go mbíonn dea-thionchar aige ar chaidreamh idirnáisiúnta na hÉireann.

- **An tSeirbhís Phas**

Éilítear ar an Roinn seirbhís phas atá éifeachtach, slán, agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal. Is dúshlán é seo ó thaobh buaicéilimh ar an tseirbhís, rialuithe airgeadais maidir le táillí, teidlíocht daoine i leith pas Éireannach, calaois phas agus eisiúint pasanna ag misin thar lear.

- **Seirbhísí Consalachta**

Tá an Roinn freagrach as cúnamh agus seirbhísí consalachta tráthúla, cúirtéiseacha agus éifeachtacha a chinntiú do gach saoránach Éireannach nuair is gá. Is gá do na seirbhísí consalachta a bheith freagrach ar dheacrachtaí pearsanta mar aon le héigeandálaí náisiúnta nó réigiúnacha lena n-áirítear tubaistí nádúrtha, sceimhlitheoireacht agus coinbhleacht níos leithne.

- **Slándáil**

Tá an Roinn freagrach as slándáil fhisiceach a cuid foirne agus a cuid áitreabh a chinntiú in Éirinn agus thar lear. Is ann do dhúshlán maidir le rochtain ar áitribh a dhéanamh slán mar aon le sábháilteacht na mball foirne agus iad ag taisteal nó ag obair thar lear. Coimeádann an Roinn faisnéis agus cumarsáid de chineál rúnda nó íogair agus d'fhéadfadh a nochtadh sin a bheith ina chúis le díobháil a dhéanamh do leas na hÉireann thar lear nó sa tír féin. Is gá an fhaisnéis agus an chumarsáid sin a chur faoi shlándáil, cibé acu i bhformáid fhisiceach nó i bhformáid leictreonach.

- **Acmhainní Daonna**

Tá dúshlán le sárú ag an Roinn i ndáil le líon foirne atá laghdaithe cé gur gá, in ainneoin sin, leibhéal seirbhíse inghlactha a choimeád ar bun, go háirithe mar fhreagra ar roinnt éileamh a bheidh ag teacht aníos. Áirítear leo sin cathaoirleacht na hÉireann ar an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip in 2012 agus an Uachtaránacht ar an AE in 2013. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag na laghduithe ar líon na foirne ar struchtúir rialachais, ar rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, ar chaidreamh tionsclaíoch agus ar infhaighteacht scileanna agus taithí speisialaithe.

- **Caiteachas Airgeadais agus Luach ar Airgead**

Tá an Roinn freagrach as dhá vóta buiséid de chuid an Rialtais, Vóta 28 na nGnáthaí Eachtracha agus Vóta 29 Chúnamh Éireann (athraithe go Vóta 27 ó 2012 ar aghaidh). Baineann dúshlán faoi leith leis an bhfreagracht as na vótaí sin i dtéarmaí luach ar airgead, cloí le beartais soláthair phoiblí, agus rialuithe airgeadais agus freagrachta cuí a chothabháil. D'fhéadfadh na laghduithe atá déanta ar leithdháileadh buiséid agus ar líon foirne agus na laghduithe atá fós á ndéanamh orthu sin drochthionchar a imirt ar an timpeallacht rialaithe.

Is mian leis an gCoiste aitheantas a thabhairt don dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana maidir le cuimsiú chlár bainistíochta rioscaí na Roinne a bheachtú agus an nasc idir pleanáil gnó agus bainistíocht riosca a dhéanamh níos follasaí don bhreis agus ochtó aonad gnó ar leith de chuid na Roinne. Is léir gur ríthábhachtach í an Rúnaíocht um Bainistíocht Riosca maidir le feidhmiú éifeachtach an líonra seo. Glacann sí príomhról i spreagadh na n-aonad ar leith chun rioscaí a mheas agus chun straitéisí oiriúnacha um maolú riosca a chur i bhfeidhm ar an leibhéal oibríochta, agus athbhreithniú á dhéanamh aici ag an am céanna ar bhagairtí riosca straitéisigh a d'fhéadfadh gnó na Roinne a chur as riocht, mar aon le Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne a chur ar an airdeall ina leith. Fáiltíonn an Coiste Iniúcháireachta roimh an gcur chuige “tras-rannach” sin um bainistíocht riosca agus roimh an tosaíocht a ghabhann leis ag an gCoiste Comhairleach Bainistíochta.

I dtimpeallacht ghnó atá athraitheach, tá an bhainistíocht riosca réamhghníomhach ríthábhachtach ó thaobh spriocanna na Roinne a bhaint amach. Éilítear tiomantas ar gach leibhéal de chuid na heagraíochta leis sin agus is é ceann de phríomhthascanna na Rúnaíochta um Bainistíocht Riosca an córas a spreagadh go hiomlán. Laistigh de chlár bliantúil gnóthach an Choiste Iniúcháireachta, leagtar amach ar a laghad dhá sheisiún chun tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Rúnaíocht a mheas, rud a léiríonn an tosaíocht a thugann an Coiste Iniúcháireachta d'athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. B'ionann ceapadh Príomh-Oifigeach Riosca, faoi mar a mhol an Coiste Iniúcháireachta i dTuarascálacha Bliantúla uaidh roimhe seo, agus ráiteas inbhraite ar thiomantas lucht bainistíochta na Roinne don bhainistíocht riosca mar fheidhm gnó lárnach, agus spreagann an Coiste an Roinn arís chun féachaint ar na roghanna go léir maidir leis an gceapachán sin a dhéanamh, d'ainneoin na srianta foirne atá ann faoi láthair.

Moladh

Cé go n-adhmaíonn an Coiste Iniúcháireachta an inní a bhí mar bhonn taca na Roinne ina freagra ar an moladh a rinneadh i dTuarascáil 2010 ón gCoiste maidir le Príomh-Oifigeach Riosca a cheapadh, measann an Coiste go bhfuil na hargóintí ar son ceapacháin den sórt sin bailí fós, agus in ainneoin na srianta dá bhfuil ann faoi láthair, iarrann sé ar an Roinn gach rogha a mheas i ndáil le hainmniú Príomh-Oifigeach Riosca.

5. Cúrsaí Eagraíochtúla agus Acmhainne

An tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta - Toisc go bhfágann an timpeallacht eacnamaíochta dhúshlánach an mheastóireacht chórasach agus an t-iniúchadh ar chláir chaiteachais níos ábhartha ná mar a bhí riamh, spreagann an Coiste Iniúcháireachta an Roinn chun líon na foirne a choimeád mar aon le cáilíochtaí, scileanna agus bonn taithí na foirne reatha, in ainneoin na ndúshlán ó thaobh acmhainní daonna a dtugtar aghaidh orthu ar fud na heagraíochta.

Is aonad neamhspleách é Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta na Roinne a thuairiscíonn go díreach chuig an Ard-Rúnaí. Tá líon foirne de dháréag ag an Aonad, Ceann Aonaid, cúigear iniúcháirí, ceathrar meastóirí (duine acu ar bhonn páirtaimseartha) agus beirt bhall foirne tacaíochta san áireamh. Tá ochtar meastóirí inmheánacha atá lonnaithe go háitiúil in Oifigí Coigríocha na Roinne sna tíortha cláir, a thuairiscíonn díreach chuig a gCinn Misin faoi seach.

Tugann an tAonad faoi mheastóireacht, iniúcháireacht inmheánach agus obair chuntasachta eile

thar oibríochtaí na Roinne (ach le hollbhéim ar an gClár Cúnaimh) mar chuid de chlár oibre leanúnach ilbhliantúil. Úsáidtear soláthraithe nó saineolaithe seachtracha chun tascanna a chur ar bun nó cuirtear ar bun go himmheánach iad. Go háirithe, úsáidtear comhairleoirí seachtracha le haghaidh meastóireachtaí ar an gClár Cúnaimh, ag teacht le prionsabail mheastóireachta an Choiste um Chúnamh Forbartha de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

Léirítear struchtúr eagraíochtúil an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta in Aguisín 4.

Airgeadas - Tá sé curtha in iúl don Choiste Iniúcháireachta nach raibh aon athrú ar líon (an-bheag) na gcuntasóirí gairmcháilithe a d'fhostaigh an Roinn i róil airgeadais le linn na bliana 2011 (agus gan duine ar bith díobh ar phríomhleibhéil na cinnteoireachta). Is cúis imní fós é sin don Choiste Iniúcháireachta i bhfianaise an bhrú atá ar bhuiséid agus an ghá atá le saineolas airgeadais níos fearr agus le húsáid éifeachtach acmhainní. Tá díomá ar an gCoiste Iniúcháireachta freisin nach raibh sé ar chumas na Roinne a moladh roimhe seo maidir le ceapadh Ceann Airgeadais gairmcháilithe a chur i bhfeidhm. Cé gur eol don Choiste go bhfuil géarshrianta foirne i bhfeidhm sa Roinn, cuireann sé in iúl arís eile nach mór an post sin a mheas mar phost lárnach laistigh de struchtúr bainistíochta sinsearaí na Roinne, post is ceart a líonadh chomh luath agus is féidir.

Moltaí

Molann an Coiste Iniúcháireachta gur cheart go gcoinneofaí leibhéal na foirne san Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta agus nár cheart cáilíochtaí, scileanna, nó bonn taithí na mball foirne a bhíonn ag obair san Aonad a chaolú.

D'fhonn feidmiú rialaithe airgeadais a chinntiú atá níos láidre agus a bhfuil leibhéal comhsheasmhach acmhainní ar fáil dó, athdhearbhaíonn an Coiste Iniúcháireachta a mholadh roimhe seo gur cheart Ceann Airgeadais a bhfuil cáilíocht ghairmiúil chuí aige nó aici a cheapadh chomh luath agus is féidir. Agus na srianta earcaíochta a fhorchuirtear ar an Roinn á n-aithint ag an gCoiste, tá an Coiste deimhin de go fóill go mbeadh sé ina thoradh ar cheapachán den sórt sin go ndéanfaí bainistíocht níos éifeachtaí ar an bhfeidhm airgeadais ar fud na Roinne, agus go dtiocfadh feabhas ar an mbainistíocht buiséid faoi dheoidh; dá bhrí sin ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht ag an lucht bainistíochta go fóill.

Dílárú

Rinne an Coiste Iniúcháireachta tagairt i dtuarascálacha roimhe seo do na deacrachtaí ar leith a bhí ag lucht bainistíochta na Roinne maidir le huainíocht foirne rialta agus struchtúrtha a shocrú chun Ceanncheathrú Chúnamh Éireann i Luimneach agus uaidh. Gan amhras, bhí barrfheabhsú imlonnaithe na foirne níos deacra don Roinn i dtimpeallacht ina bhfuil an bhainistíocht curtha thar acmhainní cheana féin ag srianta earcaíochta. De bhrí go bhfuiltear ag dul i dtreo cur chuige níos solúbtha maidir le bainistíocht saincheisteanna a eascraíonn as an dílárú i ráitis Rialtais le déanaí, molann an Coiste Iniúcháireachta go bhféadfadh an deis a bheith ann anois chun na srianta uainíochta foirne a lagú.


Moladh

Molann an Coiste Iniúcháireachta go maolófaí na srianta uainíochta foirne chun Ceannteathrú Chúnamh Éireann i Luimneach agus uaidh, a bhí mar thoradh ar an mbeartas díláraithe den chuid is mó, d'fhonn soghluaiseacht foirne níos éifeachtaí a éascú.

F. Gnéithe Sonracha de Chlár Chúnammh Éireann a d'Athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta in 2011

1. Léargas Ginearálta ar Chlár Chúnammh Éireann


Léirítear sa ghráf seo a leanas an treocht anuas le déanaí i maoiniú iarbhír Chúnammh Éireann.



Tabhair ar aird go gcuirtear íocaíochtaí a rinne Ranna eile an Rialtais san áireamh sa Chúnammh Oifigiúil Forbartha (COF)

Is cúis díomá é an meath ar ghlanleibhéil an mhaoinithe le trí bliana anuas ach ní fhéadfaí neamhaird a dhéanamh de dhianchúinsí buiséid agus b'éigean do na cláir chaiteachais go léir ualach an choigeartaithe a iompar, iad siúd atá dírithe ar na bochtáin san áireamh.

Sa ghráf seo a leanas léirítear treocht an Ghlanchúnaimh Forbartha Coigríche mar % d'OTN na dtíortha comhpháirtíochta de chuid Chúnammh Éireann (agus an Afraic fho-Shahárach mar aonad iomlán) ó 1990-2009.



2. Próiseas Pleanála / Díriú ar Thorthaí na Straitéisí Tíre

Tá Cúnamh Éireann tiomanta do thorthaí a bhaint amach agus do léiriú go dtagann athruithe dearfacha ar shaol na mbochtán mar thoradh ar an tacaíocht uaidh agus an fhorbairt a dhéantar ar acmhainní na dtíortha iad féin. Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta leis an straitéis sin agus molann sé gur cheart go ndíreodh Cúnamh Éireann a thuilleadh ar an ngaol atá idir cúnamh forbartha agus an dul chun cinn eacnamaíoch sna tíortha comhpháirtíochta.

Cuirtear clár na dtíortha tosaíochta de chuid Chúnamh Éireann i bhfeidhm ar bhonn Pleananna 3-5 bliana um Straitéisí Tíre. Cuirtear Pleananna um Straitéisí Tíre trí dhianphróiseas pleanála le linn na tréimhse ullmhúcháin roimh shraith nua, próiseas a mbíonn foireann an Cheanncheathrú agus foireann an Mhisin páirteach ann, agus iad ag foghlaim ó mheastóireachtaí roimhe sin agus ó chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara de chuid rialtas comhpháirtíochta agus páirtithe leasmhara eile. Athbhreithníonn saineolaithe seachtracha na Pleananna nua um Straitéisí Tíre agus is é an Grúpa Breithmheasa agus Meastóireachta Clár a fhaomhann iad faoi dheoidh.

Is iad príomhghnéithe na bPleananna um Straitéisí Tíre: dianphróiseas breithmheasa, cuimsiú creataí torthaí soiléire (Bainistiú i gcomhair Torthaí Forbartha), foráil le haghaidh athbhreithniú meántéarmach (agus coigeartuithe clár más gá) agus meastóireacht deiridh. Bíonn prionsabail Éifeachtachta an Chúnamh mar bhonn taca ag Pleananna Chúnamh Éireann um Straitéisí Tíre, lena n-áirítear:

- **Trédhearcacht agus cuntasacht** i leith saoránach sna tíortha i mbéal forbartha agus i leith ár saoránach sa bhaile maidir le tionchar an chúnamh, agus;
- **Úinéireacht ar thosaíochtaí forbartha le tíortha i mbéal forbartha.**

Maidir le stáit leochaileacha, aithníonn Cúnamh Éireann gur timpeallachtaí feidhmithe deacra iad agus go mbaineann rioscaí suntasacha leo, ach tá méadú ag teacht ar an aitheantas gur mó i bhfad

iad na rioscaí a chruthaítear trí gan dul i ngleic leo ná an riosca neamhghníomhaithe. Aontaíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an dearcadh sin.

Tuigtear don Choiste Iniúchóireachta go mbíonn cláir thíre de chuid fhormhór na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha i dtíortha cláir Chúnamh Éireann. Ní léir a mhéid a threoraíonn an taití ar chláir na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha Pleananna Chúnamh Éireann um Straitéis Tíre sna tíortha sin agus d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann maidir le breis comhroinnte faisnéise nó comhoibriú níos leithne.

Moltaí

Molann an Coiste Iniúchóireachta go ndíreofaí i dtuarascálacha bliantúla de chuid Chúnamh Éireann amach anseo ar an ngaol atá idir cúnamh forbartha agus feidhmiú eacnamaíoch agus an trádáil, agus go gcuirfí samplaí sonracha den ghaol sin ar fáil nuair is féidir.

De bhrí go mbíonn cláir thíre dá gcuid féin ag eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha go minic i dtíortha cláir de chuid Chúnamh Éireann, molann an Coiste Iniúchóireachta gur cheart go ndéanfaidh Cúnamh Éireann prótacail chúnaimh ar leith a idirbheartú le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus leis an tsochaí shibhialta i dtíortha cláir, áit ina mbíonn cláir chúnaimh dá gcuid féin ag na haonáin sin, d'fhonn buntáistí an chomhoibrithe a uasmhéadú.

3. Fóram Ardleibhéil in Busan

I Samhain na bliana 2011, tionóladh ollchruinniú idirnáisiúnta ar éifeachtacht an chúnaimh in Busan, sa Chóiré. Ar iarratas ón gCoiste Iniúchóireachta, sholáthar an Roinn nóta faisnéise ar an príomhshaincheisteanna a ardaíodh ag an gcruinniú sin. D'fhreastail breis agus 2,500 duine ar an gcruinniú, 100 aire ó thíortha forbartha agus ó thíortha i mbéal forbartha ina measc. Rinneadh athbhreithniú ag an gcruinniú ar an dul chun cinn domhanda maidir le cur i bhfeidhm gealltanais atá i nDearbhú Pháras (2005) agus comhaontaíodh creat domhanda um chomhar forbartha, ina gcuimsítear den chéad uair riamh geilleagair éiritheacha ar nós na Síne agus na hIndia. Formhuiníodh ceithre bhunphrionsabal um chomhar forbartha:

- Úinéireacht na dtosaíochtaí forbartha ag tíortha i mbéal forbartha
- Díriú ar thorthaí
- Comhpháirtíochtaí forbartha cuimsitheacha
- Trédhearcacht agus cuntasacht dá chéile.

Is é aidhm Chomhpháirtíocht Busan cáilíocht an chúnaimh idirnáisiúnta a fheabhsú d'fhonn an dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise a luathú. Áirítear le gealltanais Busan:

- Socruithe i leith comhpháirtíocht dhomhanda nua ar chomhar forbartha éifeachtach lena dtacaíonn an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus na Náisiúin Aontaithe araon a cheapadh agus a chomhaontú faoi Mheitheamh 2012.
- Cur leis an díriú ar na 'tíortha leochaileacha' iarchoimhlinte – tíortha amhail Siarra Leon, an Libéir agus Deisceart na Súdáine – áiteanna ina mbeidh gá le hiarrachtaí breise chun aon cheann de Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.
- Tacú le hinstiúidí rialtais d'fhonn a chur ar a gcumas leasuithe a chur i bhfeidhm agus seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar.
- Forbairt nó feabhsú na gcomhaontuithe ar leibhéal tíre ina leagtar síos na torthaí ar mian linn go léir iad a bhaint amach, agus na comhpháirtithe ar fad a bheith freagrach as a ngníomhartha.
- Feabhas a chur ar chaighdeán na staitisticí d'fhonn bonn fianaise a chruthú chun cláir a chur i bhfeidhm, agus béim ar leith ar mhná agus ar chailíní.
- Caighdeán coiteann oscailte le haghaidh sonraí cúnamh a chur i bhfeidhm leis an bhfollasacht a fheabhsú agus cuidiú le leithdháileadh éifeachtach acmhainní srianta.

Tá Cúnamh Éireann ag oibriú i dtreo chur i bhfeidhm na ngealltanais a tugadh in Busan, a n-áirítear go sonrach leo iad seo a leanas:

- Oibriú leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus leis na Náisiúin Aontaithe chun a shainiú conas mar a dhéanfar rialú agus monatóireacht ar an glár nua.
- Dul i dteagmháil leis na hAmbasáidí chun comhaontuithe Busan a phlé agus chun iad a spreagadh cruinnithe a bheith acu le comhpháirtithe d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcur i bhfeidhm.
- Na ceachtanna ó Busan agus na gealltanais a tugadh a chur san áireamh i bPróiseas Athbhreithnithe an Pháipéir Bháin.
- Oibriú leis na comhpháirtithe Nordic+ d'fhonn comhaontú ar chur chuige coiteann maidir le dul chun cinn a dhéanamh i leith na ngealltanais a rinne Cúnamh Éireann ar leibhéal tíre.

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta le cur chuige Chúnaimh Éireann i leith chur i bhfeidhm na ngealltanais a rinneadh in Busan.

4. Bainistíocht Airgeadais Poiblí

Aithníonn an Coiste Iniúcháireachta an phróifíl riosca athraitheach ar ann di mar thoradh ar chéatadán méadaitheach de thacaíocht forbartha Chúnaimh Éireann a bheith á chur trí chórais Rialtais i dtíortha cláir. Shonraigh an Coiste Iniúcháireachta i dtuarascálacha roimhe seo an imní atá air go bhféadfadh nach mbeadh neart a dhóthain ag córais Rialtais sna dtíortha sin le ráthaíocht a thabhairt go gcoinnítear cuntas ceart ar chistí agus go n-úsáidtear iad mar a bhí leagtha amach ina leith. Cé go n-aithníonn an Coiste dúthracht agus aire Cúnaimh Éireann i leith an mhaoinithe sin, agus go raibh straitéisí i bhfeidhm acu chun rioscaí a bhainistiú, mheas an Coiste gur gá a thuilleadh a dhéanamh. Tá sé molta ag an gCoiste go háirithe le tamall anuas go gcuirfead próiseas foirmiúil neamhspleách ar bun chun iontaofacht agus oiriúnacht na gcóras tíre a imscrúdú agus na rioscaí lena mbaineann a aithint.

Fáiltíonn an Coiste roimh an dul chun cinn suntasach a rinneadh ina thaobh sin, go háirithe trí bhunú próiseas meastóireachta foirmiúla neamhspleáiche atá faoi choimirce Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta na Roinne. Breathnaítear leis an bpróiseas meastóireachta ar phríomhghnéithe na gcóras um bainistíocht airgeadais de chuid rialtas comhpháirtíochta, an t-iniúchadh san áireamh, agus tugtar comhairle maidir leis an iontaofacht agus an riosca a bhaineann le a bheith ag feidhmiú de réir na gcóras sin. Chomh maith leis sin, tugtar comhairle leis an meastóireacht maidir le haon rialú nó aon chosaint bhreise a d'fhéadfadh gá a bheith leo nuair a ghlactar an cinneadh feidhmiú de réir na gcóras tíre.

Cuireadh i láthair an Choiste torthaí thrí mheastóireacht a cuireadh ar bun in 2011 inar cuimsíodh Leosóta, an Tansáin agus Uganda agus tá sé ag tnúth na tuarascálacha ar na tíortha eile a fháil in 2012. Tugann an Coiste ar aird go mbaintear de chonclúid as na trí mheasúnú go bhfuil sé cuí a bheith ag obair trí mheán na gcóras náisiúnta, ach le cosaintí iomchuí.

Molann an Coiste freisin an obair níos leithne a rinne Cúnaimh Éireann agus é ag bunú Treoirínte um Bainistíocht Airgeadais Phoiblí (BAP) agus tá sé ag súil le tuilleadh forbartha laistigh den réimse sin in 2012. Measann an Coiste gur tábhachtach é go mbeadh tuiscint iomlán ar shaincheisteanna BAP acu siúd a bhfuil baint acu le cinnteoireacht agus bainistíocht i gcás na clár ina gcuirtear maoiniú ar fáil trí chórais rialtais. Is é aidhm na dTreoirínte a d'ullmhaigh Cúnaimh Éireann tuiscint choiteann a thabhairt ar shaincheisteanna agus rioscaí a bhaineann le BAP agus a chinntiú go bhfuil córais bhainistíochta oiriúnacha bunaithe. Tá sé tábhachtach fuinneamh an tionscnaimh sin a choimeád ar bun.

Moladh

Molann an Coiste Iniúcháireachta gur cheart go mbeadh meastóireachtaí BAP ina ngné éigeantach i gcúrsaí cláreagraithe na dtíortha comhpháirtíochta, agus gur cheart freagracht as saincheisteanna BAP a aithint go soiléir ar gach leibhéal laistigh de Chúnaimh Éireann agus go gcruthófaí struchtúir oiriúnacha don bhainistíocht agus d'iniúchadh saincheisteanna.

5. Maoiniú na Sochaí Sibhialta (Cúnamh Éireann)

In 2011, d'eisíoc Cúnamh Éireann €73 milliún le heagraíochtaí neamhrialtasacha faoi réimse scéimeanna faoi mar a léirítear sa tábla thíos:

Scéim Maoinithe	Deontais (€)	Líon na gComhpháirtithe
Scéim Cláir Ilbhliantúil (SCI II)	56,694,217	5
Blocdheontais	10,673,187	13
Ciste na Sochaí Sibhialta	5,788,975	47
Scéim Mirceathionscadail Intíre	1,255,133	Bainistithe ag 10 Misean thar lear
Misean Cara	16,000,000	89
Eile	1,862,327	
Iomlán¹	92,273,839	

Glacann eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in Éirinn páirt ríthábhachtach i gcur chun cinn Spriocanna Forbartha na Mílaoise, trí mheán na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha go háirithe. Is nasc lárnach é maoiniú agus tacaíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta a mbíonn plé acu le gníomhaíochtaí forbartha inbhuanaithe leis na hearnálacha sóisialta agus deonacha in Éirinn agus thar lear. Tá sé seo riachtanach mar bhonn taca do chur chuige níos comhoibríche idir Cúnamh Éireann agus gnéithe uile shochaí na hÉireann le haghaidh fíor-rannpháirtíocht phoiblí sa chúnamh forbartha. Is ríthábhachtach freisin rannpháirtíocht agus tacaíocht ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn d'fhonn clár forbartha Chúnamh Éireann agus a chuid tacaíochta ón bpobal a chothú ag tréimhse dhúshlánach sa timpeallacht eacnamaíochta, tráth a mbíonn an-éileamh ar mhaoiniú rialtais.

D'athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta scéimeanna maoinithe na sochaí sibhialta de chuid Chúnamh Éireann le linn na bliana agus tugadh ar aird go gcuirtear béim ar chinntiú go bhfuil cláir atá á maoiniú ag Cúnamh Éireann de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha ar ardchaighdeán, agus go dtagann torthaí soiléire uathu atá faoi threoir bainistíochta stuama, rialachais agus meicníochtaí maoirseachta airgeadais. Fáiltíonn an Coiste Iniúchóireachta roimh an dul chun cinn a rinneadh sna réimsí seo a leanas go háirithe:

- Teagmháil le hearnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn d'fhonn tuiscint chomhroinnte ar ghnéithe na héifeachtachta forbartha a bhaint amach mar aon le soiléiriú

¹ Nótaí: Tógáil Cumais: D-Talk, Dóchas agus Comhlámh.
Misean Cara: maoinítear suas le 89 ball ón mblocdheontas faoi Mhisean Cara.
Micreathionscadail Intíre Cistí arna riar ar bhonn áitiúil ag Mísin ina dtíortha creidiúnaithe

ar chaighdeáin, ar dhíriú agus ar chomhtháitheacht. Thacaigh ardán náisiúnta na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, Dóchas, agus roinnt eagraíochtaí eile a thacaíonn le forbairt caighdeán agus sármhaitheasa san earnáil leis an obair sin freisin.

- Le cur i gcrích shraith 2006-2011 den Scéim Cláir Ilbhliantúil le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha móra (SCI II), cuireadh an deis ar fáil chun cur chuige maoinithe nua a dhearadh ina léireofaí tiomantas do thorthaí agus leithdháileadh acmhainní bunaithe ar fheidhmíocht. Cuireadh sraith nua um maoiniú clár ar bun in Eanáir 2012. Tagann sé seo leis na cainteanna leanúnacha atá ar bun ag Cúnamh Éireann thar earnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha ar son breis cuntasachta i ndáil le maoiniú poiblí.
- Tugadh isteach ciste cláir nua a bhfuil critéir incháilitheachta soiléire ag dul leis le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha móra a bhfuil maoiniú ilbhliantúil á lorg acu ó Chúnamh Éireann i gcomhair tionscadail nó cláir forbartha fhadtéarmacha. Beidh comhpháirtithe reatha an SCI agus réimse eagraíochtaí neamhrialtasacha eile incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an maoiniú sin.
- I gcás eagraíochtaí neamhrialtasacha beaga, cuireadh Ciste nua na Sochaí Sibhialta ar bun trína gcuirfear maoiniú tionscadail ar fáil do na heagraíochtaí sin.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchóireachta roimh an gcur chuige nua maidir le maoiniú na sochaí sibhialta a bhainistiú. Ba cheart dá bharr go gcruthófaí réimse níos leithne comhpháirtíochtaí straitéiseacha (maoiniú clár) mar aon le punann níos lú agus níos spriocdhírthe um maoiniú clár, agus é dírithe go soiléir ar thorthaí. I gcás Chiste na Sochaí Sibhialta, mar shampla, ba cheart go laghdófaí líon na gcomhpháirtithe ó bhreis is 70 in 2009 go dtí níos lú ná 50 faoi 2012. Chuige sin, feiceann an Coiste Iniúchóireachta go mbaineann buntáistí le scrúdú a dhéanamh ar an scóip maidir le neamhspleáchas breise na nGníomhaireachtaí sin a éascú i ndáil le riarachán laethúil a gcuid deontas féin.

In Éirinn, feictear traidisiún bródúil ina dtacaítear le heagraíochtaí daonnúla agus le heagraíochtaí cúnaimh forbartha. Léirítear sin go soiléir trí leibhéal na síntiús airgeadais agus na dtacaíochta oibre deonaí ón bpobal, ar mó ná tíortha deontóra eile iad go minic. Chun a chinntiú go dtugtar an tacaíocht is fearr don tiomantas agus don iarracht sin, tá Cúnamh Éireann ag leanúint ar aghaidh ag scrúdú bealaí chun cur le tionchar an chláir forbartha agus chun comhtháitheacht agus fócas a chinntiú ina chuid idirghníomhaíochtaí le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ar gach leibhéal. Go deimhin, is trí chomhoibriú allamuigh níos éifeachtaí idir Cúnamh Éireann agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheidh an iarmhairt agus an infheictheacht is mó ag tionchar iomlán mhaoiniú Chúnamh Éireann.

Aithnítear go forleathan dea-thoil agus iarrachtaí na saoránach Éireannach ar mian leo a gcuid a dhéanamh maidir le tíortha i mbéal forbartha. Measann an Coiste Iniúchóireachta go bhféadfadh spiorad sin na flaithiúlachta a bheith ina ghné shuntasach agus próifíl dhearfach idirnáisiúnta na hÉireann á cothú.

Lean Cúnamh Éireann ar aghaidh ag déanamh torthaí a chuid infheistíochta a thomhas agus a chur in iúl maidir le hathrú sóisialta fadtréimhseach agus fíor-fheabhsúcháin ar shaol na mbochtán agus na bpobal bocht. Is dúshlán dóibh feacht an phobail ar na gníomhaíochtaí sin a choimeád, áfach.

Moladh


Ba cheart do Chúnamh Éireann seachfhoinsiú bainistíochta ar dheontais bheaga d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mheas. Laghdófaí costais agus an brú bainistíochta ar Chúnamh Éireann dá bharr, agus bainistíocht éifeachtach ar chaidreamh agus riarachán éifeachtach na ndeontas i gcomhréir le dea-chleachtas á gcinntiú ag an am céanna. D’fhéadfaí an próiseas seo a chur i bhfeidhm ar bhonn treoirscéime ar dtús. (Cuirtear i bhfeidhm é cheana féin i leith an Chiste Meán de chuid Simon Cumbers).

6. Maoiniú Iltaobhach

Déantar tacaíocht na hÉireann do ghníomhaireachtaí cúnamh iltaobhacha a rangú de réir trí phríomhchatagóir: gnéithe forbartha an Aontais Eorpaigh, Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta lena n-áirítear an Banc Domhanda, agus córas na Náisiún Aontaithe.

Glacann Éire páirt sna socrúithe rialachais le haghaidh na n-institiúidí iltaobhacha trí bhallaíocht thréimhsiúil den bhord rialúcháin nó trí ionadaíocht i socrú toghlaigh. Ar an gcaoi sin, déantar maoirseacht na gcistí a dháiltear trí na h-institiúidí sin a éascú. I gcás institiúidí iltaobhacha, bíonn muinín ag na Ballstáit i gcoitinne as córais um bainistíocht riosca, córais mhonatóireachta, córais iniúchta agus córais mheastóireachta na n-eagraíochtaí féin. Téann an Roinn (agus Ranna eile an Rialtais más cuí) agus a cuid Misean i dteagmháil leis na comhlachtaí sin d’fhonn an rialachas agus córais rialachais a neartú nuair is gá.

In 2011, sholáthair an Roinn maoiniú €76.9 milliún (2010: 69.8m) do na comhlachtaí iltaobhacha.



Le linn na bliana, rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an teagmháil a bhíonn ag Chúnamh Éireann leis an gcóras iltaobhach. Tugadh le fios an méid seo a leanas :

- Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirtithe na hÉireann de chuid na Náisiún Aontaithe go fóill: Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí, agus Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal. Tá laghdú éigin tagtha ar líon na gcomhpháirtíochtaí mar gheall ar shrianta buiséadacha agus shrianta foirne ach tá Chúnamh Éireann deimhin anois go bhfuil fáthanna straitéiseacha láidre ann leis an gcuid is mó de na comhpháirtíochtaí dá bhfuil ann a choimeád.
- Téann Éire i dteagmháil le Ballstáit atá ar aon intinn léi d’fhonn díriú ar shaincheistean na athchóirithe agus feabhas a chur ar fheidhmíocht na Náisiún Aontaithe ar leibhéal na tíre. Dírítear leis an gcuid is mó de na tionscnaimh athchóirithe ar fheabhsú na follasachta agus na freagrachta agus ar neartú bainistíochta le haghaidh torthaí.


- Tá tiomantas ag Cúnamh Éireann don phróiseas a neartú i ndáil leis an Lónra um Measúnú Feidhmíocht Eagraíochtaí Iltaobhacha agus le measúnaithe eile ar éifeachtacht iltaobhach. Thairis sin, tacaíonn Cúnamh Éireann le hathbhreithniú piaraí ar chórais mheastóireachta iltaobhaí.
- D'éirigh réasúnta maith leis an tionscnamh *Delivering as One* de chuid na Náisiún Aontaithe - a ndearna an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú air roimhe seo - i gcuid de na tíortha treoirscéime de bharr tiomantais na bpearsanra áitiúil den chuid is mó. Mar sin féin, tá bacainní ann fós ar leibhéal na ceanncheathrún lena léirítear struchtúir chasta rialachais agus bhainistíochta na ngníomhaireachtaí éagsúla.
- Cé go mbíonn acmhainní foirne i Rannán Iltaobhach Chúnamh Éireann ar bheagán, tá an bhainistíocht deimhin gur féidir leis an Rannán a chuid freagrachtaí a bhainistiú trí tharraingt ar thacaíocht ó rannáin agus ó mhisin eile más gá.

Moltaí

Cé go bhfeidhmíonn na socruithe rialachais sin go maith den chuid is mó, ní féidir a bheith bogásach i bhfianaise na gcásanna calaoise a ndearnadh tagairt dóibh níos túisce sa tuarascáil seo, cásanna lena gcuirtear béim ar thábhacht an fhorairdill leanúnaigh. Molann an Coiste Iniúchóireachta, dá réir, gur cheart go gcuirfeadh Cúnamh Éireann (agus na Ranna Rialtais eile a bhfuil freagracht mhaoirseachta orthu) athbhreithniú tríbhlantúil ar shaincheisteanna rialachais ar bun ar an gcaidreamh atá aige leis na Gníomhaireachtaí sin, agus moltaí a dhéanamh nuair is cuí do Bhoird Bhainistíochta na nGníomhaireachtaí maidir le socruithe rialachais a neartú.

Aguisín 1 – Spriocanna Ardleibhéil na Roinne idir 2011 agus 2014

Is iad seo a leanas Spriocanna Ardleibhéil na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don tréimhse ó 2011 go dtí 2014:



Aguisín 2 – Dátaí na gCruinnithe agus na Láithreoireachtaí don Choiste Iniúchóireachta

10 Feabhra

- Meastóireacht ar mar a chuir Éire i bhfeidhm Dearbhú Pháras ar Éifeachtacht an Chúnaimh
- Nuashonrú ar Rianú Mholtaí an Choiste Iniúchóireachta

29 Márta

- Cur i láthair leis an mBanc Domhanda do Chúnaimh Éireann ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Chlár Oibre Meastóireachta agus Iniúchóireachta 2010

17 Bealtaine

- Athbhreithniú ar Mheastóireachtaí ar Bhainistíocht Airgeadais Poiblí sna Tíortha Cláir
- Cuimsiú Iniúchóireachta agus Saincheisteanna Iniúchóireachta na dTíortha Cláir
- Maoiniú Iltaobhach
- Plean Meastóireachta don Roinn níos leithne

7 Iúil

- Athbhreithniú ar Chlár Rioscaí agus ar Phróiseas Bainistíochta Riosca na Roinne
- Plé ar Thuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí
- Plé le Leas-Ard-Stiúrthóir Chúnaimh Éireann
- Cúnamh Éigeandála agus Daonnúil

13 Mean Fómhair

- Cur i bhfeidhm na Moltaí atá i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo de chuid an Choiste Iniúchóireachta
- Éifeachtacht an Chúnaimh
- Cur i bhfeidhm an phlean oibre Meastóireachta don bhliain 2011
- Cur i bhfeidhm na moltaí Meastóireachta

25 Deireadh Fómhair

- Meastóireachtaí ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí i dTíortha Cláir, agus Saincheisteanna Iniúchóireachta eile maidir leis na Tíortha Cláir
- Athbhreithniú ar oibríocht na gcóras um rianú airgeadais ar fud na Roinne agus Nuashonrú ar Vóta 28
- Athbhreithniú ar Phróiseas Bainistíochta Riosca na Roinne
- Meastóireachtaí ar Chláir um Straitéis Tíre i Mósaimbíc agus sa tSaimbia

13 Nollaig

- Cruinniú bliantúil le hlonadaithe ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- Meastóireacht ar Scéim Clár Ilbhliantúil Chúnamh Éireann le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha móra (SCI II)
- Scéimeanna Maoinithe na Sochaí Sibhialta de chuid Chúnamh Éireann.

Aguisín 3 – Príomhcháipéisí arna mBreithniú ag an gCoiste Iniúcháireachta

Tuarascálacha Meastóireachta:

- Meastóireacht chomhpháirteach ar Dhearbhú Pháras - Tréimhse 2 - Staidéar deontóra de chuid na Ceanncheathrún - Cúnamh Éireann
- Meastóireacht chomhpháirteach um Chláir Thíre idir Cúnamh Éireann agus an Roinn Forbartha Idirnáisiúnta ar an Tansáin 2004-2010
- Meastóireacht chomhpháirteach ar Dhearbhú Pháras - Tréimhse 2 – príomhthuarascáil (gach tír iniata) (IOD PARC)
- Meastóireacht ar Chlár um Straitéis Tíre na Mósaimbíce
- Meastóireacht ar Chlár um Straitéis Tíre na Saimbia
- Tuarascáil Mheastóireachta Sintéise SCI II agus freagra ó bhainistíocht Chúnamh Éireann
- An Foras Riaracháin – *Better Use of Public Money* (Richard Boyle)
- Tuarascáil ar Chlár Athbhreithnithe Eagraíochtúla na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- Dréacht-Lámhleabhar faoi Oibríochtaí Meastóireachta


Tuarascálacha Iniúcháireachta ar Obair ar thug an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta fúithi

- Meastóireachtaí Chúnamh Éireann ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí sa Tansáin agus i Leosóta
- Treoirínite agus Nótaí Treorach ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí
- Tuarascálacha Iniúcháireachta – Tíortha Cláir de chuid Chúnamh Éireann
- Cur Chuige Iniúcháireachta maidir le maoiniú d'Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta
- Tuarascálacha Iniúcháireachta – Misin na Roinne Thar Lear
- Tuarascálacha ar Chur i bhFeidhm an Phlean Oibre um Iniúcháireacht Inmheánach 2011

Ábhair Eile

- Nuashonrú ar Rianú Mholtaí an Choiste Iniúcháireachta
- Leithdháiltí Vóta don bhliain 2011
- Pleananna Oibre Meastóireachta agus Iniúcháireachta 2011-2013, lena n-airítear Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm
- Nótaí faisnéisithe ar ICROSS, ar an gCiste Domhanda agus ar Chros Dhearg na hÉireann
- Clár Rioscaí na Roinne agus Nótaí Faisnéise ar Bhainistíocht Riosca
- Nótaí Faisnéise ar Mhaoiniú Iltaobhach Chúnamh Éireann
- Nótaí Faisnéise ar Éifeachtacht an Chúnamh agus ar an bhFóram Ardleibhéil, Busan
- Tuairiscí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-airítear Litreacha Bainistíochta agus Freagraí Bainistíochta na Roinne maidir le Vótaí 28 agus 29, 2011
- Nóta Treorach PriceWaterhouseCoopers - *Survival Tips for Audit Committees*

Aguisín 4 – Struchtúr Meastóireachta agus Iniúcháireachta na Roinne



An tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta

— An Príomhlíne Tuairiscithe

..... Líne Maoirseachta nó Líne Comhairle

Aguisín 5 – Achoimre ar Chaiteachais Vóta 2011 (Neamhniúchta)²

Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha	Soláthar Measta €'000	Toradh €'000
<u>RIARACHÁN</u>		
A1. Tuarastail, Pá agus Liúntais	90,260	92,101
A2. Taisteal agus Cothabháil	6,080	4,313
A3. Oiliúint agus forbairt agus Costais theagmhasacha	4,688	3,813
A4. Soláthairtí Poist agus Teileachumarsáide	7,408	6,553
A5. Trealamh Oifige agus Seirbhísí TF seachtracha	15,386	14,969
A6. Costais Foirgnimh na hOifige	26,282	22,017
A7. Seirbhísí Comhairleoireachta, athbhreithnithe um luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartais	108	28
CAITEACHAS IOMLÁN RIARACHÁIN	150,212	143,794
<u>CAITEACHAS CLÁIR – Seirbhísí Eile</u>		
B. Aisdhúichiú agus cothabháil na nÉireannach atá i nguais thar lear	79	36
C. Tacaíocht do Sheirbhísí i gcomhair Eisimirceach Éireannach	12,883	11,568
D. Seirbhísí Faisnéise	652	424
E. Ranníocaíochtaí chuig comhlachtaí in Éirinn um chur chun cinn an chaidrimh idirnáisiúnta – (Deontais i gcabhair)	100	100
F1. Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach	3,000	2,998
F2. An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn	195	150
G. Caidreamh Cultúrtha le Tíortha Eile – (Deontais i gcabhair)	846	846
H. Bord na hÉireann agus Mheiriceá um Chomhairle Eacnamaíochta	28	13
I. Ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí idirnáisiúnta	47,440	48,407
J. Gníomhartha de dhroim Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach	418	226
K. Tionscadal Bhealach an Atlantaigh	250	250
L. Cistí um Chur chun Cinn na Trádála	400	320
CAITEACHAS IOMLÁN CLÁIR	66,291	65,338
OLLCHAITEACHAS	216,503	209,132
O. Lúide Leithghabhálacha i gCabhair	43,997	44,380
GLANCHAITEACHAS	172,506	164,752
Barrachas don bhliain		7,754
Tabhairt Suas Iarchurtha		370
Barrachas le tabhairt suas		7,384

²Tá iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar bun agus an tuarascáil seo á tabhairt chun críche.

Vóta 29: Comhoibriú Idirnáisiúnta	Soláthar Measta 2011 €'000	Toradh 2011 €'000
RIARACHÁN – Focheannteidil A1/8		
A.1. Tuarastail, Pá agus Liúntais	18,626	17,405
A.2. Taisteal agus Cothabháil	2,747	2,084
A.3. Oiliúint agus forbairt agus Costais Theagmhasacha	2,920	1,488
A.4. Soláthairtí Poist agus Teileachumarsáide	1,920	1,563
A.5. Trealamh Oifige agus Ábhar Oifige eile agus Seirbhísí Bainteacha	2,020	1,207
A.6. Costais Foirgnimh na hOifige	3,910	3,364
A.7. Seirbhísí Comhairleoireachta, athbhreithnithe um luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartais	1,400	1,092
Fo-lomlán	33,543	28,203
Seirbhísí Eile		
B. Íocaíocht isteach sa Chiste Deontais i gCabhair um Chúnadh Déthaobhach agus Chomhoibriú eile (Deontas i gCabhair)	365,633	365,633
C. Cúnadh Éigeandála Daonnúil	51,000	50,997
D. Íocaíochtaí isteach i gCistí Idirnáisiúnta chun Leasa Tíortha i mBéal Forbartha	34,354	34,354
E. Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus le Gníomhaireachtaí Forbartha eile	39,500	39,500
Fo-lomlán	490,487	490,484
Ollchaitheachas	524,030	518,687
F. Lúide: Leithreasáí i gCabhair	1,153	1,790
Glaniomlán	<u>522,877</u>	<u>516,897</u>
Barrachas don bhliain		<u>5,980</u>
Barrachas le tabhairt suas		<u>5,980</u>

Aguisín 6 – Freagra Lucht Bainistíochta na Roinne ar Mholtaí Thuarascáil Bhliantúil 2010

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
1	Gríosaíonn an Coiste Iniúcháireachta an Roinn luas a chur le cumasc na nAonad Airgeadais don dá Vóta chomh luath agus is féidir. Ba cheart amlínte agus garspriocanna soiléire a leagan síos don dara tréimhse den tionscnamh.	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha	<p>Tar éis an chéad tréimhse den tionscadal a chur i bhfeidhm:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rathaítear bainistíocht airgeadais dhá vóta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le córas coiteann bainistíochta airgid. • Bíonn sé á feidhmiú ar an gcaoi chéanna sa dá réimse agus baintear úsáid as na cóid chuntais chéanna leis le haghaidh réimsí caiteachais coiteanna. • Bíonn nósanna imeachta um íocaíochtaí agus éilimh thaistil mar an gcéanna sa dá chás. • Mar an gcéanna, bíonn teacht díreach ag na bainisteoirí i Vóta 28 ar na sonraí i Vóta 27 agus a mhalairt. • Cuireadh ar bun roinnt tuarascálacha ar “bhainistíocht Tras-Rannach”. • Tá cur chuige comhpháirteach á ghlacadh le dul i ngleic le saincheisteanna coiteanna mar sholáthar seirbhísí baincéireachta, tacaíocht TF, srl. <p>Léirítear leis an gcur chuige difriúil i roinnt cásanna maidir leis an dá Vóta na hearnálacha éagsúla ina mbíonn siad ag feidhmiú. Saincheist shuntasach eile le meas is ea a phraiticiúil is a bheadh comhtháthú fheidhm na bainistíochta sinsearaí, rud a chuireadh leis ainmniú Oifigeach Airgeadais amháin a dhéanfadh maoirseacht ar limistéir an dá vóta araon agus a mbeadh údarás bainistíochta aige nó aici maidir leis an dá ghrúpa foirne.</p>
2	Molann an Coiste Iniúcháireachta go leantar leis an teagmháil idir an Roinn agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun dul i ngleic leis an líon foirne a theastóidh chun éilimh shéasúracha Oifig na bPasanna a chomhlíonadh.	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha	<p>Ardaíodh an t-ábhar seo go rialta ag cruinnithe leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn a chinntiú go ndéantar baill foirne shealadacha a imscaradh in am cuí ionas go mbainfear an tairbhe uasta amach. Bhí feabhas le haithint idir séasúr 2011 agus séasúr 2010 i dtaca le costais ragoibre, agus iad laghdaithe go suntasach.</p> <p>Tá cead faighte maidir le hearcú tráthúil líon i bhfad níos mó foirne sealadaí do shéasúr 2012. Cuirfidh sé seo ar chumas an lucht bainistíochta an borradh ar an éileamh a réamh-mheas agus freagairt dó</p>
3	Ba cheart don Roinn forbairt iomlán	Rannóg na	Cuireadh próiseas réitigh eatramhach i bhfeidhm i mBealtaine 2011 tar éis

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
	a dhéanamh ar chóras chun réiteach a dhéanamh idir líon na bpasanna a eisítear agus an t-ioncam táille a léirítear sna cuntais. Ba cheart tabhairt faoin tsaincheist sin san iniúchadh atá le teacht ar sheirbhís na bpasanna.	Seirbhísí Corparáideacha, An Rannóg Consalachta agus Pasanna	deireadh a theacht le scéim na bpasanna saor in aisce d'iaratasóirí os cionn 65 bliain. Tá sé mar aidhm na hadmhálacha ar fad a mheaitseáil i gcoinne na n-iaratas agus na n-eisiúintí ar fad d'fhonn bunlíne a bhunú ar féidir diallais shuntasacha a aithint ina coinne agus iad a imscrúdú.
	Iniúcháireacht Inmheánach		
4	Ba cheart go gcuirfeadh an tArd-Rúnaí an straitéis Iniúcháireachta agus an clár oibre ilbhliantúil do Vóta 28 ar bhonn foirmiúil agus go ndéanfadh sé iad a fhaomhadh.	An tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta	Glacadh leis an moladh. Cuireadh clár oibre iniúcháireachta ilbhliantúil ar bun do Vóta 28 agus cuirfeadh chun críche an straitéis faoi dheireadh na bliana.
5	Ba cheart go gcuirfeadh Cúnamh Éireann i bhfeidhm chomh luath agus is féidir na critéir agus na treoirlínte atá nua-fhorbartha aige maidir le measúnú a dhéanamh ar Chórais Bhainistíochta Airgeadais Phoiblí i dtíortha cláir, agus ba cheart dó dóthain acmhainní a chur ar fáil chun na críche sin.	An Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha, An Rannán um Beartas, Pleanáil agus Éifeachtacht an Chúnamh	Glacadh leis an moladh. Chuir Cúnamh Éireann ar bun grúpa Bainistíochta Airgeadais Phoiblí Tras-Rannóige agus tá treoirlínte ar mheasúnú BAP ina chuid tíortha cláir á bhforbairt aige. Cuireadh i gcrích trí mheasúnú rathúil um BAP ar bhonn píolótach sa chéad leath de 2011 i Leosóta, sa Tansáin agus i Mósaimbíc. Rinneadh ceachtanna luachmhara a fhoghlaim as an gcleachtadh píolótach agus léireofar na ceachtanna sin sna treoirlíne um BAP atá á gcríochnú faoi láthair. Tabharfar faoina thuilleadh measúnaithe um BAP sa tSaimbia go deireanach sa bhliain 2011 agus arís san Aetóip go luath in 2012. Ina theannta sin, coimeádann Cúnamh Éireann ar an eolas faoi mheasúnuithe tríú páirtí maidir le caiteachas poiblí agus cuntasacht airgeadais agus faoi fhorbairtí a bhaineann le tíortha cláir dá chuid. Trí phróiseas measúnaithe níos foirmiúla Chúnamh Éireann ar chórais Bainistíochta Airgeadais Phoiblí (BAP) i dtíortha Cláir, déanfar measúnú ar shaincheisteanna acmhainne agus conas is fearr is féidir le Cúnamh Éireann dul i ngleic leo i gcomhar

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
			<p>le rialtais chomhpháirtíochta agus le comhpháirtithe eile.</p> <p>Tá nóta treorach faoi chur le hacmhainn go ginearálta ullmhaithe ag Cúnamh Éireann agus le déanaí thug sé faoi mhapáil a dhéanamh ar na cláir forbartha um BAP sna tíortha cláir dá chuid. Thug Cúnamh Éireann freisin faoi mhapáil a dhéanamh ar úsáid na gcóras tíre d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na háiteanna ina bhfuil gá le tacaíocht chun an cinneadh a dhéanamh maidir le córais náisiúnta um BAP a úsáid.</p> <p>I measc na mbealaí ina mbíonn Cúnamh Éireann gníomhach ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta tá idir ionadaíocht ar ghrúpaí oibre cuí BAP agus thacaíocht dhíreach a thabhairt do thionscnaimh athchóirithe BAP. Díreofar sna treoirlínte BAP freisin ar chinntiú go bhfuil tuiscint cheart ag an bhFoireann Chláir ábhartha ar shaincheisteanna agus impleachtaí BAP.</p> <p>Tá Nóta Treorach forbartha ag Cúnamh Éireann ar Thomhas agus Mheasúnú na Caimiléireachta sna Tíortha Comhpháirtíochta. Leis an Nóta Treorach sin, comhlánaítear na Treoirlínte Bainistíochta Airgeadais Phoiblí de chuid Chúnamh Éireann, agus díritear ann ar an gcomhthéacs ginearálta rialachais – agus go háirithe leitheadúlacht na caimiléireachta laistigh de. Cuirtear formáid chaighdeánach i láthair i gcomhair próifíl chaimiléireachta, a ndéanfar forbairt uirthi ag eochairthréimhsí na sraithe clár tíre. Cuirfear ar fáil leis sin measúnú ar chaimiléireacht sa tír, agus léireofar ann conas a ndéanfar an chaimiléireacht a fhreagairt i dtéarmaí maolú agus rialú riosca, cinnteoireachta, agus déanamh clár.</p> <p>Ghlac Cúnamh Éireann páirt gníomhach freisin in obair Thascfhórsa BAP na Stiúrthóireachta um Chomhoibriú Forbartha de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.</p>
6	Ba cheart do Chúnamh Éireann, i gcomhpháirtíocht le deontóirí eile, leanúint ag tacú le neartú acmhainne Oifigí Náisiúnta na nArd-Reachtairí	An Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha, An Rannán um	<p>Glacadh leis an moladh.</p> <p>Tá tiomantas ag Cúnamh Éireann do leanúint ag tacú le hOifigí na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste sna tíortha comhpháirtíochta. Ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta, tá ról gníomhach á ghlacadh go fóill againn tríd an bpróiseas</p>

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
	Cuntas agus Ciste i dtíortha comhpháirtíochta.	Beartas, Pleanáil agus Éifeachtacht an Chúnamh	<p>athchóirithe BAP ar fhorbairtí a bhaineann le cur le hacmhainn agus le héifeachtacht in Oifigí Náisiúnta Iniúchóireachta, agus is eochairghné an méid sin maidir le measúnaithe BAP.</p> <p>Chuir agus cuirfidh Cúnamh Éireann cúnamh airgeadais agus teicniúil ar fáil d'obair na comhpháirtíochta idir an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhorais Iniúchóireachta agus Deontóirí, agus tá sé mar bhall de Ghrúpa Stiúrtha an tionscnaimh sin. Mar a bhí amhlaidh in 2010, rinne Cúnamh Éireann íocaíocht €200,000 in 2011 mar thacaíocht do Rúnaíocht Thionscnamh Forbartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhorais Iniúchóireachta. Thairis sin, d'óstáil Cúnamh Éireann seimineár i Márta 2011 ar Fhiúntas na nUasfhorais Iniúchóireachta, a raibh freastal maith air ag lucht foirne ó gach Rannán de chuid na Rannóige sin. Freastalaíonn an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta ar Chruinnithe débhlíantúla Choiste Stiúrtha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhorais Iniúchóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar na cláir atá beartaithe. Tugtar an deis leis sin freisin a bheith cothrom le dáta maidir le forbairt acmhainne in Oifigí Iniúchóireachta Náisiúnta Chlár Tíre Cúnamh Éireann.</p>
7	Ba cheart do Chúnamh Éireann leanúint ag déanamh monatóireachta ar thuarascálacha iniúchóra cáilithe, na cúiseanna atá leo a mheas, agus gníomh ceartaitheach cuí a ghlacadh.	An Stiúrtóireacht um Chomhoibriú Forbartha – An Rannán um Beartas, Pleanáil agus Éifeachtacht an Chúnamh	Déanann Cúnamh Éireann tuarascálacha iniúchóra a leanúint go comhsheasmhach, i dteannta na gcomhpháirtithe ar fad. D'fhonn comhsheasmhacht an chur chuige a chinntiú, is cuid thábhachtach é an measúnú ar thuarascálacha iniúchóra ó Oifigí Náisiúnta na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste de na treoirlínte ar mheasúnú na gcóras Bainistíochta Airgeadais Phoiblí inár dtíortha gcomhpháirtíochta. Díríonn Cúnamh Éireann ar shaincheist na dtuarascálacha iniúchóra cáilithe agus ar na cúiseanna cáilithe agus meastar gur saincheist an-dáiríre í.
8	Ba cheart go gcuirfeadh Cúnamh Éireann straitéis iniúchóireachta oiriúnach ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta	An tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta	Curtha i gcrích

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
	Meastóireacht		
9	Molann an Coiste Iniúchóireachta go neartódh an Roinn a cuid nósanna imeachta maidir leis na moltaí meastóireachta a rianú. Tá sé tábhachtach go mbeadh 'úinéireacht' ann ar thorthaí agus mholtaí meastóireachta agus go nglacfaí gníomh ina leith sa Roinn ar fad, agus ní san Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta amháin.	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha, An Stiúirthóireacht um Chomhoibriú Forbartha, An tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta	Tugadh faoin méid sin. Tá córas i bhfeidhm chun moltaí a rianú agus iad a leanúint. Rinneadh uasghrádú ar an gcóras rianaithe sin in 2010. Rinneadh tuarascáil mheastóireachta agus teimpléad moltaí a fhorbairt lena ndéantar rianú cuimsitheach ar stádas iar-chríochnaithe na dtuarascálacha meastóireachta (.i. iadsan a gcuirtear isteach iad i gcomhair athbhreithniú inmheánach, ag an gCoiste Iniúchóireachta, agus ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste) mar aon le stádas moltaí meastóireachta (.i. freagra na bainistíochta; gníomhartha arna nglacadh ag Rannáin/Rannóga/Ambasáidí ábhartha; gníomhartha leantacha arna nglacadh ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta, agus an stádas foriomlán)
	Aithint Rioscaí		
10	Molann an Coiste Iniúchóireachta go gceapfaí Príomhoifigeach Riosca, a dhéanfadh tuairisciú go díreach chuig an Ard-Rúnaí.	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha	Rinne an Coiste Comhairleach Bainistíochta a mhachnamh ar an moladh sin. Chinn sé go mbeadh sé deacair iarrthóir oiriúnach a aithint don ról mar gheall ar an réimse leathan feidhmeanna éagsúla a chomhlíonann an Roinn agus an gá atá ann acmhainní foirne, ar gainne ná riamh iad, a dhíriú ar phríomhfhreagrachtaí oibríochta reatha agus iadsan atá le teacht. Agus cúinsí mar atá siad faoi láthair, measadh gurb é an rogha a b'fhearr ná an Coiste Bainistíochta Riosca reatha, faoi chathaoirleacht Cheann na Seirbhísí Corparáideacha, a choimeád mar mheicníocht um chomhordúcháin na bainistíochta riosca ar fud na Roinne agus é ag tuairisciú chuig an gCoiste Comhairleach Bainistíochta, a bhfuil úinéireacht faoi dheoidh ag a chuid ball ar na rioscaí éagsúla a bhfuil an Roinn nochtaithe dóibh.
11	Tionscnamh 2009 chun tús a chur le hathbhreithniú agus neartú chur i bhfeidhm Bheartas agus Chlár Bainistíochta Riosca na Roinne, lena n-áirítear nuashonrú na gClár Rioscaí	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha	Cuireadh formáid athbhreithnithe den chlár rioscaí i bhfeidhm in 2011, lena ndéantar sainiú níos soiléire ar úinéireacht rioscaí agus lena ndéantar naisc níos dlúithe le gníomhartha gnó atá sainithe. Beidh próiseas níos sruthlínithe, do na misin níos lú go háirithe, ann don bhliain 2012 de thoradh ar athbhreithniú eile. Tá athbhreithniú ar Chlár Rioscaí na Roinne ar bun ag Aonad Meastóireachta agus

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
	agus an Bhainistíocht Riosca a chomhtháthú sa phróiseas pleanála gnó, ba cheart dó rioscaí a chur in iúl ar shlí níos soiléire, rialúcháin chuí agus straitéisí ceartaitheacha a aithint, agus ba cheart go gcríochnófaí é a luaithe agus is féidir.		Iniúcháireachta na Roinne faoi láthair. Déanfar na moltaí a eascróidh ón staidéar sin a chur san áireamh don bhliain 2012 chomh maith.
12	Tugann an Coiste Iniúcháireachta cuireadh do Chúnamh Éireann díriú níos grinne ar shaincheisteanna bainteacha maidir le héifeachtacht an chúnamh agus simplíocht an chúnamh. Measann sé go mbeidh súil ag cáiníocóirí le seachadadh seirbhíse níos éifeachtúla ó thaobh costas de ar fud chlár chaiteachais an Rialtais go léir, iad siúd atá á riar ag Cúnamh Éireann san áireamh, mar gheall ar an tréimhse ciorruithe buiséadacha.	An Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha, An Rannán um Beartas, Pleanáil agus Éifeachtacht an Chúnamh	<p>Díríonn Cúnamh Éireann go láidir, leanúnach ar a chinntiú go bhfanann an clár spriocdhírthe ar na réimsí sin ina bhfuil láidreachtaí ar leith ag Cúnamh Éireann. Tá Cúnamh Éireann ag díriú go leanúnach freisin ar thionchar a thomhas agus luach ar airgead a bhaint amach, ag teacht le hoibleagáidí Chúnamh Éireann i ndáil le speisialtóireacht earnála bhreise agus comhchuibhiú ar chleachtais deontóirí a bhaint amach, faoi mar a comhaontaíodh i nDearbhú Pháras maidir le Héifeachtacht an Chúnamh agus i gClár Oibre Accra don Ghníomhaíocht (2008). D'fhorbair Cúnamh Éireann Plean Gníomhaíochta d'fhonn gníomhartha Chlár Oibre Accra a chur i bhfeidhm thar gach réimse den chlár. Is é an aidhm atá leis sin ná a chinntiú go mbeidh an clár dírithe ar réimsí inar féidir le Cúnamh Éireann tairbhe cheart a sheachadadh agus ina bhfuil sé ag díriú ar na daoine is mó a bhfuil gá acu le cúnamh, agus ag déanamh leas suntasach dóibh. Áirítear le gach cleachtas um Pleanáil Straitéise Tíre díriú ar aithint cá bhfuil buntáistí inchoimparáide Chúnamh Éireann, agus roghnaítear earnálacha bunaithe ar chritéir chomhaontaithe.</p> <p>Tríd an bpróiseas pleanála tíre, laghdaigh Cúnamh Éireann líon na n-earnálacha bainteacha i roinnt de na Tíortha Cláir, bunaithe ar athbhreithniú ar bhuntáistí inchoimparáide. Tagann sé seo le Cód Iompair an AE agus le Clár Oibre Accra. Trí úsáid a bhaint as Cineálacha Cur Chuige Bunaithe ar Chláir, laghdaítear an ilroinnt agus déantar comhchuibhiú a éascú. Tá tuarascáil bhliantúil ullmhaithe ar an dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na ngealltanais a tugadh i nDearbhú Pháras agus i gClár Oibre Accra don Ghníomhaíocht.</p>

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
			<p>Sa suirbhé is déanaí a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ar chur i bhfeidhm Dhearbhú Pháras, bhí Éire ar na tíortha is fearr ar éirigh leo. Úsáideadh taithí na hÉireann maidir lena gealltanais a chomhlíonadh um éifeachtacht an chúnamh mar threoir d'ár seasamh san fhóram ardleibhéil ar éifeachtacht an chúnamh a tionóladh le déanaí in Busan.</p>

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
13	Ba cheart go gcinnteodh Cúnamh Éireann go bhfuil a chórais bhainistíochta sách láidir: (a) chun an dóchúlacht go dtarlódh calaois a mhaolú a mhéid is féidir, (b) chun cásanna calaoise in eagraíochtaí comhpháirtithe a iniúchadh agus gníomhartha cuí a ghlacadh go tráthúil, agus (c) chun taifead a choimeád ar gach tuairisc calaoise líomhnaithe agus gach iniúchadh a dhéantar	Aonad Airgeadais na Stiúrthóireachta um Chomhoibriú Forbartha, An tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta	<p>Tá córais mhonatóireachta agus bhreithmheasa Chúnamh Éireann deartha chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-úsáidtear cistí chun na críche a beartaíodh dóibh agus go maolaítear an baol calaoise. Mar gheall ar chomhthéacs an chúnamh forbartha, riosca bunúsach is ea é go dtarlóidh calaois ó am go chéile in eagraíochtaí comhpháirtíochta. Bhunaigh an Roinn Ráiteas Beartais um an Chalaois agus Cód Cleachtais maidir le Déileáil leis an gCalaois in Eagraíochtaí Comhpháirtíochta.</p> <p>Tuairiscíodh don Roinn le blianta beaga anuas roinnt líomhaintí calaoise a tharla in eagraíochtaí comhpháirtíochta agus, i gcomhréir le nósanna imeachta na Roinne, glacadh gníomhartha cuí i ngach cás. Taifeadtar gach cás calaoise líomhnaithe i gclár, atá ar fáil le haghaidh athbhreithnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta.</p> <p>In 2010, scríobh Cúnamh Éireann chuig na comhpháirtithe go léir ar eagraíochtaí neamhrialtasacha iad agus a mhaoineítear trí scéimeanna maoinithe Rannáin na Sochaí Sibhialta chun Beartas Calaoise na Roinne a chur i gcuimhne dóibh mar aon lena gcuid oibleagáidí a eascraíonn uaidh agus lena gcuid conarthaí maoinithe faoin gclár. Éilíodh ar chomhpháirtithe na Sochaí Sibhialta a gcuntais bhliantúla iniúchta a fhoilsiú ar a gcuid láithreán Gréasáin. Tá critéir incháilitheachta i bhfeidhm anois do na heagraíochtaí sin a bhfuil maoiniú á lorg acu. Spreagfaidh Cúnamh Éireann eagraíochtaí chun tuarascálacha meastóireachta a fhoilsiú ar a gcuid láithreán Gréasáin.</p> <p>Scrúdaítear sé réimse leis an bpróiseas measúnaithe i gcomhair mhaoiniú na Sochaí Sibhialta, rialachas agus maoirseacht airgeadais ina measc. Sa réimse sin, díritear ar rialachas iontaofa, ar bhainistíocht riosca agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar leachtacht, ar shócmhainneacht, agus ar éifeachtúlacht ó thaobh costais de. Clúdaítear seiceáil bhunúsach ar bheartas agus nósanna imeachta airgeadais freisin. Faigheann an réimse sin scór mar chuid den leithdháileadh feidhmíochta do gach eagraíocht.</p>
14	Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a Beartas Calaoise agus ar an gCód Cleachtais maidir le Calaois in Eagraíochtaí	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha	Tá an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta ag tabhairt faoin obair sin.

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
	Comhpháirtíochta agus na doiciméid a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.		
15	Ba cheart do Chúnamh Éireann neartú a chuid córas chun riarachán agus faireachán a dhéanamh ar mhaoiniú na sochaí sibhialta a thabhairt chun críche d'fhonn nósanna imeachta breithmheasa láidre a chur i bhfeidhm maidir le gach eagraíocht neamhrialtasach, a luaithe is féidir go praiticiúil é sin a dhéanamh. Go sonrach, ba cheart go gceanglódh Cúnamh Éireann ar gach eagraíocht neamhrialtasach comhaontuithe foirmiúla a dhéanamh leis i ndáil le seachadadh chuspóirí sonraithe an chláir. Ba cheart do Chúnamh Éireann critéir bunaithe ar fheidhmíocht a chur i bhfeidhm maidir le leithdháileadh cistí do chomhpháirtithe SCI.	Rannán na Sochaí Sibhialta	Tá bonn níos soiléire i bhfeidhm anois ag Cúnamh Éireann le haghaidh incháilitheachta, measúnaithe, agus leithdháileadh deontas do chomhpháirtithe na Sochaí Sibhialta. Sa ghairm is déanaí ar thograí faoi na babhtáí clár agus tionscadal, leagtar amach bonn soiléir le haghaidh incháilitheachta. Tá forbairt déanta freisin ar na caighdeáin measúnaithe (do chláir agus do thionscadail), lena n-áirítear ceanglas maidir le creataí torthaí láidre mar chuid d'aon chomhaontú le Cúnamh Éireann. Beidh monatóireacht ar an gcéad chúrsa clár eile (2012-2015) bunaithe ar na creata torthaí atá comhaontaithe. Tháinig deireadh le clár SCI II i Nollaig 2011. Cuirfear socrúithe nua maoinithe i bhfeidhm le haghaidh comhpháirtithe SCI agus blocdheontas, ó thús 2012 i leith, agus leagfar béim ar fheidhmíocht agus ar thorthaí. Rinneadh samhail um leithdháileadh acmhainní a fhorbairt a oibríonn trí bhunmhéid a leithdháileadh a ríomhtar trí mheascán de mheánioncam eagraíochta agus a stair deontas roimhe seo le Cúnamh Éireann. A luaithe a chuirfear an breithmheas i gcrích, úsáidfear scóir atá bunaithe ar feidhmíocht chun leithdháileadh breise a chinneadh. Bunófar leithdháileadh céatadáin do gach eagraíocht neamhrialtasach ar an mbunmhéid agus ar an méid i leith na feidhmíochta. Is ionann an t-ualú idir an bunmhéid agus an leithdháileadh i leith na feidhmíochta agus 2:3. Cuirfear an tsamhail um leithdháileadh acmhainní i bhfeidhm ar gach eagraíocht neamhrialtasach a chuireann isteach ar mhaoiniú cláir. Tá mórmheastóireacht ar an gclár SCI curtha i gcrích agus d'imir na moltaí a d'eascair as an meastóireacht sin tionchar ar ghnéithe d'fhorbairtí reatha amhail a dtugtar cuntas air thuas.
16	Ba cheart go bhfoilseofaí sonraí comparáideacha ar fheidhmíocht maicreacnamaíochta i dtíortha	Rannán Thíortha Cláir na Stiúrthóireachta	Déanann Cúnamh Éireann monatóireacht, ar leibhéal Ceannteathrún agus leibhéal misean araon, ar raon tuarascálacha eacnamaíochta agus sóisialta agus ar shonraí lena ndéantar gnéithe éagsúla de dhul chun cinn agus den fheidhmíocht i

	Moladh	Rannóg/Rannán	Freagra ón Lucht Bainistíochta
	comhpháirtíochta i dTuarascálacha Bliantúla Chúnamh Éireann chun cuidiú le rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na tíortha sin.	um Chomhoibriú Forbartha, An Rannán um Beartas, Pleanáil agus Éifeachtacht an Chúnamh	dtíortha comhpháirtíochta a thomhas. Bímid i dteagmháil chomh maith le rialtais chomhpháirtíochta ar shonraí buiséadacha náisiúnta. Cuireann sin faisnéis ar fáil d'anailís leanúnach, d'idirphlé le rialtais chomhpháirtíochta agus páirtithe leasmhara eile agus do chinntí cláir faoi dheoidh. Mar sin féin, is amhlaidh go bhfuil dúshláin ann i ndáil le comhsheasmhacht agus le hiontaofacht i gcás a lán foinsí agus táscairí. Maidir leis an moladh faoi leith gur cheart sonraí eacnamaíochta áirithe ar Thíortha Cláir a fhoilsiú i dTuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann, tá an Roinn ag déanamh mionscrúdaithe ar an togra d'fhonn an cur chuige is éifeachtaí a chinneadh.
	Cúrsaí Eagraíochtúla agus Acmhainne		
17	D'fhonn a chinntiú go mbeidh feidhm rialaithe airgeadais níos láidre agus níos seasta ó thaobh acmhainní de ar fáil don Roinn ar fad, molann an Coiste Iniúchóireachta go láidir go gceapfaí Ceann Airgeadais (ar ghrád Comhairleora/ Príomhoifigigh) a bhfuil cáilíocht ghairmiúil chuntasaíochta agus taithí ábhartha shuntasach aige nó aici. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh tacaíocht ar fáil don Cheann Airgeadais i gcomhair gach vóta ó chuntasóirí cáilithe a bhfuil róil chuntasaíochta airgeadais agus bainistíochta acu.	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha	Fágann an moratorium reatha ar earcaíocht agus feidhmiú neamhéifeachtach na meicníochta ath-imscartha nach raibh sé indéanta an moladh sin a shásamh. Idir an dá linn tugtar ar aird go bhfuil idir iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tar éis a gcuid sástachta a chur in iúl maidir le bainistíocht agus oibriú na Roinne Airgeadais. In ainneoin na heaspa cáilíochtaí foirmiúla cuntasaíochta, is léir go bhfuil an fhoireann bainistíochta ag feidhmiú go maith agus go bhfuil ardleibhéal rialaithe agus cuíúlachta á choimeád acu sa réimse sin.